# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Sa chás go soláthraíonn iarrthóir níos mó pointí bailí ná mar a éilítear i gceist, déantar na pointí iomarcacha is ísle a lascainiú trí lúibíní cearnacha a chur timpeall na marcanna iomarcacha a bhronntar. Ní áirítear na marcanna breise sin sa mharc iomlán don cheist, ní laistigh den script nó ar ghreille na ceiste ar an gclúdach, agus níl siad san áireamh san iomlán carnach.

## INNÉACS NA gCEISTEANNA


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara | 3 |
| | Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna | 4 |
| | Roinn A | 5 - 12 |
| | Roinn B | |
| 1 | Fóntas, tomhaltas alcóil agus infheistíocht in iarnróid | 13 - 16 |
| 2 | Iomaíocht Neamhfhoirfe | 17 - 20 |
| 3 | Fostaíocht, CINanna agus neamh-chomhionannas inscne sa phá | 21 - 24 |
| 4 | Costais agus Iomaíocht/Rialúchán | 25 - 27 |
| 5 | Fiontar, Saothar agus Leaisteachas | 28 - 30 |
| 6 | Trádáil Idirnáisiúnta. | 31 - 34 |
| 7 | An Rialtas agus an Geilleagar | 35 - 38 |
| 8 | Ioncam Náisiúnta agus an fiachas náisiúnta | 39 - 42 |

Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna

**ROINN A (100 marc)**

| Ceist | Marcanna |
|---|---|
| 1 | 1ú @ 10<br>2ú @ 6 |
| 2 | 1 @ 8 agus 2 @ 4 |
| 3 | (a) 4 + 4<br>(b) 8 |
| 4 | (i) 8<br>(ii) 4 + 4 |
| 5 | (a) 8<br>(b) 2 @ 4 |
| 6 | (i) 9<br>(ii) 2 + 6 |
| 7 | 1 @ 9 agus 2 @ 4 |
| 8 | 1 @ 9 agus 2 @ 4 |
| 9 | (i) 3 @ 3 (ii) 3 @ 1 (iii) 5 |

**ROINN B (300 Marc)**


| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 (a)<br><br><br><br>1 (b)<br><br>1 (c) | (i) 9<br>(ii) 4<br>(iii) 4<br>(iv) 8<br>(i) 5 + 5<br>(ii) 3 @ 5<br>(i) 7<br>(ii) 3 @ 6 | 5 (a)<br><br>5 (b)<br><br><br>5 (c) | (i) 9<br>(ii) 4 @ 4<br>(i) 18<br>(ii) 6<br>(iii) 6<br>(i) 7<br>(ii) 7<br>(iii) 6 |
| 2 (a)<br><br>2 (b)<br><br>2 (c) | (i) 5<br>(ii) 3 @ 5<br>(i) 9 + 9<br>(ii) 6 + 6<br>(i) 6<br>(ii) 11<br>(iii) 2 @ 4 | 6 (a)<br><br><br>6 (b)<br><br>6 (c) | (i) 2 @ 6<br>(ii) 6<br>(iii) 3 @ 4<br>(i) 13: 7 + 6<br>(ii) 3 @ 4<br>(i) 2 @ 5<br>(ii) 2 @ 5 |
| 3 (a)<br><br>3 (b)<br>3 (c) | (i) 8<br>(ii) 3 @ 6<br>4 @ 6<br>1ú: 8<br>2ú:7<br>2 x 5 | 7 (a)<br><br>7 (b)<br><br><br>7 (c) | (i) 7<br>(ii) 3 @ 6<br>(i) 2 @ 4<br>(ii) 4 + 4 + 4<br>(iii) 5 + 5<br>(i) 8<br>(ii) 3 @ 4 |
| 4 (a)<br><br>4 (b)<br><br>4 (c) | (i) 5<br>(ii) 3 @ 5<br>(i) 10<br>(ii) 10 + 5<br>(i) 10<br>(ii) 3 @ 4<br>(iii) 2 @ 4 | 8 (a)<br>8 (b)<br>8 (c) | 3 @ 7<br>6 @ 5<br>(i) 6<br>(ii) 3 + 3<br>(iii) 3 @ 4 |

# ROINN A (100 marc)

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | Braitear <u>iarmhairt ó ionadú</u> agus <u>éifeacht ioncaim</u> de thoradh ar thitim sa phraghas ar tháirge tomhaltais<br><br>**Iarmhairt ó Ionadú**: tiocfaidh éileamh níos mó ar an earra atá níos saoire ar an iomlán, agus tomhaltóirí ag athrú a gcuid tomhaltais ó earraí ionadacha atá níos costasaí ar an iomlán – mar gheall ar áirgiúlacht imeallach méadaithe ar an earra atá níos saoire ar an iomlán.<br><br>**Éifeacht Ioncaim**: ardaíonn fíorioncam/cumhacht cheannaigh na dtomhaltóirí ós rud é go bhfuil siad in ann an chainníocht chéanna den earra a cheannach le níos lú ioncaim. Le méadú ina bhfíorioncam ceannóidh tomhaltóirí tuilleadh gnáthearraí (agus níos lú earraí íochtaracha, earraí Giffen san áireamh) | **1ú@10**<br>**2ú@6** |
| **2.** | Is féidir go mbeidh costais shóisialta ar na saoránaigh i roinnt Tíortha Beagfhorbartha nuair a dhíríonn na tíortha seo ar <u>fhorbairt gheilleagrach</u> a bhaint amach. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostas shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ar na saoránaigh seo.<br><br>Tagraíonn **forbairt gheilleagrach** do mhéadú ar OTI tíre per capita / leibhéal ioncaim / caighdeán maireachtála / aschur i ndiaidh bunathrú ar struchtúr an tsochaí e.g. feabhsuithe ar an oideachas, cúram sláinte, infreastruchtúr, etc.<br><br>**Costais fhéideartha shóisialta:**<br><br>**Damáiste don chomhshaol:** d'fhéadfadh tuilleadh truaillithe, máchail ar an tírdhreach nó sraoilleáil uirbeach ar mhórscála tarlú de bharr méadú san fhorbairt gheilleagrach. Dúil san fhorbairt gheilleagrach atá mar chúis le caillteanas na foraoise sa Bhrasaíl. Méadú in astaíochtaí carbóin.<br><br>**Gluaiseacht daonra:** d'fhéadfadh gluaiseacht daoine ó cheantair tuaithe go ceantair uirbeacha tarlú ar mhórscála mar thoradh ar an bhforbairt, agus bíonn an fhéidearthacht ann go gcruthófaí bailte seantán / geiteonna agus fadhbanna sóisialta iarmhartacha a bheith ann.<br><br>**Caillteanas luachanna traidisiúnta cultúrtha:** le hollchumarsáid / córais iompair fheabhsaithe, d'fhéadfadh sé go gcaillfí luachanna a bhíodh tábhachtach don tsochaí, nó d'fhéadfadh sé iad a bheith i mbaol. D'fhéadfadh scoilt tuaithe / uirbeach teacht chun cinn.<br><br>**Fadhbanna maidir le caighdeán na beatha**: d'fhéadfadh tuilleadh ioncaim eascairt ón bhforbairt, ach d'fheadfadh amanna taistil níos faide, uaireanta oibre níos faide, deighilt teaghlach, etc. a bheith ann mar thoradh. | **8**<br><br>**2 @ 4** |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **3.** | Caillfidh suas le 800 milliún oibrí ar fud an domhain a bpoist faoin mbliain 2030 agus cuirfear uathoibriú róbatach ina n-áit. (**Foinse**: BBC.com)<br><br>(a) Ainmnigh an cineál dífhostaíochta a bheidh ann i gcás na n-oibrithe seo. Tabhair fáth le do fhreagra<br><br>**Cineál: Dífhostaíocht struchtúrtha / teicneolaíoch**<br><br>**Míniú:**<br>Cineál dífhostaíochta arb é is cúis leis ná neamhréir idir na scileanna atá ag na hoibrithe sa gheilleagar, agus na scileanna atá de dhíth ar fostóirí.<br>D'fhéadfadh dífhostaíocht theicneolaíoch a bheith ann de bharr teicneolaíocht nua agus nuálaíocht / daoine ag cailleadh a bpoist mar thoradh ar dhul chun cinn sa mheaisínre / ionstraimí dua-sheachanta.<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar pholasaí **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur i bhfeidhm chun an cineál seo dífhostaíochta a laghdú in Éirinn.<br>**Polasaí Rialtais:**<br>• Ní mór don rialtas cúrsaí athoiliúna a chur ar fáil do na hoibrithe dífhostaithe sin chun go mbeidh siad in ann scileanna nua a fhoghlaim a bhfuil éileamh orthu faoi láthair.<br>• D'fhéadfadh an rialtas deontais a chur ar fáil do ghnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil d'oibrithe díláithrithe.<br>• D'fhéadfadh an rialtas deontais athlonnaithe a chur ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe go struchtúrtha chun go mbeidh siad in ann bogadh go ceantair ina bhfuil éileamh ar a gcuid scileanna.<br>• Is é an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú bealach amháin ina bhfuil an tAontas Eorpach ag cabhrú chun an dífhostaíocht a chosc.<br>• Mar chuid de thionscnamh oiliúna an rialtais, Springboard+, cuirtear cúrsaí teastais, bunchéime agus máistreachta saor in aisce ar fáil chun go mbeifear in ann cáilíochtaí a bhaint amach i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil sa gheilleagar. | <br><br><br><br><br>**4**<br><br>**4**<br><br><br><br><br><br><br>**8**<br>**(4+4)** |

**4.** (i) Chun an léaráid thuas a chríochnú, déan an praghas cothromaíochta tosaigh, an chainníocht chothromaíochta tosaigh, an praghas cothromaíochta nua agus an chainníocht chothromaíochta nua a lipéadú.




**8**

(ii) Cuir in iúl le tic (✓) cé acu ceann de na ráitis seo a leanas a bhogfadh an chothromaíocht ó E1 go E2? Cuir tic le rogha **amháin** agus mínigh do fhreagra.

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Méadú ar an eagla ar fheirmeoirí na hÉireann roimh an mBreatimeacht. | |
| (b) | Méadú ar fhóirdheontas ó rialtas na hÉireann d'fheirmeoirí mairteola. | ✓ |
| (c) | Méadú ar líon na dtomhaltóirí veigeatóracha in Éirinn. | |

**4**

**Míniú:** Is éard atá i méadú ná fóirdheontas le haghaidh feirmeoirí mairteola a d'fhéadfadh cabhrú leo costais a laghdú agus feirmeoirí a mhealladh lena thuilleadh mairteola a tháirgeadh, rud a bhogfadh an soláthar ar dheis ó $S_1$ go $S_2$.

**4**

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **5.** | Tá pleananna ag an mBuanbhanc Taisce Iontaobhais (PTSB) an cúigiú cuid dá 77 brainse in Éirinn a dhúnadh. (**Foinse**: Irish Times, Deireadh Fómhair 2019) | |
| | (a) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith le dúnadh na mbrainsí seo den PTSB. | **8** |
| | **Costais a laghdú**<br>Tá PTSB ag iarraidh a chuid costais oibriúcháin a laghdú agus cabhróidh dúnadh brainsí le costais a laghdú / brabús a chothú (a mhéadú). | |
| | **Méadú ar líon na seirbhísí ar líne / baincéireacht taistil / seirbhísí ar fáil ar líne:** ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar an líon seirbhísí ar líne, tá gá níos lú ann do chustaiméirí freastal ar bhainc fhisiciúla. / De réir mar a éiríonn custaiméirí cleachta leis an teicneolaíocht a úsáid tá gá níos lú ann d'institiúidí airgeadais fisiciúla. | |
| | **Dul chun cinn teicneolaíochta:** mar gheall ar úsáid fón cliste agus gléasanna táibléid, níl gá ag tomhaltóirí a thuilleadh le seirbhísí 'cuntair' agus is féidir leo gach mór-idirbheart a dhéanamh leo féin pé áit a bhfuil siad. | |
| | **Laghdú fritháirimh in ioncaim an bhainc:** ní mór don earnáil bhaincéireachta an tionchar a imríonn rátaí úis an-ísle sa bhanc ceannais agus sa mhargadh agus tóir laghdaithe ar iasachtaí ar a hioncam a fhritháireamh. | |
| | (b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta ar an dúnadh seo do gheilleagar na hÉireann. | **2 x 4** |
| | **Ardú sa dífhostaíocht in earnáil na baincéireachta**: de réir mar a thagann laghdú ar an líon brainsí bainc, laghdóidh líon na n-oibrithe atá ag teastáil. Tiocfaidh ardú ar an dífhostaíocht agus beidh tuilleadh caiteachais ann ar shochair dífhostaíochta mar thoradh ar an éileamh laghdaithe ar oibrithe bainc. D'fhéadfaí poist a thairiscint do roinnt fostaithe i suíomh nua, ach mhéadófaí costais/míchaoithiúlacht chun an t-ionad oibre a bhaint amach mar thoradh air seo. | |
| | **Seirbhísí bainc a chailleadh sa phobal áitiúil:** laghdófar mealltacht na baincéireachta agus beidh sí ina próiseas níos deacra do dhaoine nach bhfuil iompar ar fáil dóibh chun taisteal go brainsí atá níos faide i gcéin. Laghdófar mealltacht na baincéireachta agus beidh sí ina próiseas níos deacra do chustaiméirí nach bhfuil cur amach acu ar an teicneolaíocht a úsáid. | |
| | **Laghdú ar an tóir d'earraí agus seirbhísí eile**: agus rochtain níos lú ann ar institiúidí airgeadais, d'fhéadfadh sé go dtarlódh níos lú iasachtaíochta agus go laghdódh an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh níos lú daoine siopadóireacht / gnó sa cheantar áitiúil agus d'fhéadfadh sé sin gníomhaíocht gheilleagrach a laghdú sa bhaile. | |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **6.** | Thacaigh John Maynard Keynes le rialtas a bheith ag baint feidhme as polasaí fioscach sa gheilleagar.<br>(i) Sainmhínigh an téarma polasaí fioscach:<br><br>**Beartas fioscach:** na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an rialtas a mbíonn tionchar acu ar mhéid, uainiúchán agus fairsinge chaiteachas agus cánachas an rialtais.<br>Is ionann é agus aon athrú ar chaiteachas agus ar chánachas an rialtais atá ceaptha chun an caiteachas foriomlán a athrú i ngeilleagar / úsáid as caiteachas agus cánachas an rialtais chun tionchar a imirt ar fhás eacnamaíoch.<br><br>(ii) An aontaíonn tú leis an tacaíocht a thug Keynes d'idirghabháil an rialtais sa gheilleagar? **Aontaím / Ní aontaím**.<br>Cuir ciorcal thart ar do rogha **agus** tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do fhreagra.<br><br>**Aontaím**<br><br>**Fás geilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach**: an chaoi is fearr ina bhféadann tír fás geilleagrach a bhaint amach agus borrtha móra a dtiocfadh meathlaithe fada sna sála orthu a sheachaint ná trí idirghabháil rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, chun fás a mhaolú le linn borrtha nó fás a spreagadh le linn cúluithe eacnamaíochta.<br><br>**Ag cuidiú le fostaíocht a chruthú**: cabhraíonn idirghabháil rialtais leis an stát fostaíocht a chruthú go díreach nó trí chabhair a sholáthar don fhiontraíocht trí dhreasachtaí a chur ar fáil.<br><br>**Saibhreas a athdháileadh**: féadfaidh an rialtas cánachas a ardú agus an t-ioncam sin a úsáid chun bunioncam a chur ar fáil do na daoine sin is mó a bhfuil gá acu leis.<br><br>**Seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar**: féadfaidh an rialtas cánachas a ardú agus an t-ioncam sin a úsáid chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar do shaoránaigh na tíre.<br><br>**Custaiméirí a chosaint**: d'fhéadfadh reachtaíocht agus rialúchán lámh chúnta a thabhairt chun tomhaltóirí a chosaint ar dhúshaothrú ó ghnólachtaí / fás monaplachtaí príobháideacha a chosc.<br><br>**Ní hea.**<br><br>**Frith-*laissez faire***: de réir beartas *laissez-faire*, imeoidh an geilleagar i dtreo an leibhéil dífhostaíochta nádúrtha bunaithe ar acmhainn an gheilleagair agus an soláthar agus t-éileamh d'earraí agus seirbhísí sa gheilleagar. Is ionann idirghabháil rialtais agus cur chuige i leith rialú an gheilleagair nach bhfuil aon ghá léi.<br><br>**Maoiniú trí iasachtaíocht / cánachas méadaithe**: d'fhéadfadh breis maoiniú agus / nó cánachas méadaithe eascairt ón idirghabháil rialtais, agus beidh sé sin le híoc ag an gcáiníocóir.<br><br>**Seirbhísí stáit costasacha / neamhéifeachtacha**: d'fhéadfadh praghsanna níos airde a bheith ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil de thoradh easpa iomaíochta sa mhargadh agus / nó d'fhéadfadh siad a bheith neamhéifeachtach.<br><br>**Fiontraíocht a dhíspreagadh / fás geilleagrach a chosc**: d'fhéadfadh méadú teacht ar chostais ghnó de bharr cánacha méadaithe / rialúchán méadaithe. D'fhéadfadh laghdú teacht ar an ngníomhaíocht gheilleagrach sa stát mar thoradh. | **9**<br><br><br><br><br><br><br><br>**2**<br><br>**2 x 3** |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **7.** | Tá geilleagar na poistíneachta (“gig economy”) ag fás as éadan i rith an ama. Tá roinnt oibrithe ag lorg breis rialúcháin ar gheilleagar na poistíneachta agus ar chonarthaí náid uair an chloig, áfach. (**Tabhair do d’aire**: Is é is geilleagar na poistíneachta ann ná geilleagar ina bhfuil claonadh ag comhlachtaí oibrithe neamhspleácha agus saor-oibrithe a fhostú ar bhonn gearrthéarmach / ar bhonn íocaíochta de réir an taisc, e.g. marcaigh Deliveroo, in ionad fostaithe lánaimseartha.)<br><br>(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint i bhfabhar rialúcháin bhreise ar gheilleagar na poistíneachta.<br><br>**Cearta an oibrí a chosaint:** san am atá thart d’fhéadfadh sé go ndearnadh dúshaothrú ar oibrithe le conarthaí náid uaireanta, rud a fhágann go mbíonn iallach ar an oibrí a bheith ar fáil don obair i gcónaí ach nach bhfuil aon obair dlite dóibh, agus ní íoctar iad ach as na huaireanta a oibríonn siad.<br><br>**Caighdeán maireachtála an oibrí a dheimhniú**: i gcás ina mbeidh siad rialaithe, beidh uaireanta oibre agus pá cinnte ag an oibrí agus cabhróidh sin leis an oibrí a chaighdeán maireachtála a fheabhsú; a bheith ar fáil do phost páirtaimseartha eile; foinse ioncaim níos daingne a bheith aige agus pleanáil níos fearr a dhéanamh dá thodhchaí.<br><br>**Cáilíocht seirbhíse**: le rialú, d’fhéadfaí deimhin a dhéanamh de go gcuirfear seirbhísí áirithe ar fáil ar bhealach slán sábháilte d’oibrithe agus custaiméirí araon e.g. seirbhísí tacsaí.<br><br>**Fás an scáthgheilleagair a chosc**: trí rialú a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar poistíneachta, d’fhéadfaí stop a chur le hoibrithe a bheith á n-íoc le hairgead tirim amháin agus d’fhéadfadh sé go rachadh sé sin chun sochair do gach saoránach.<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar argóint **amháin** in éadan rialúcháin bhreise ar gheilleagar na poistíneachta.<br><br>**Dídhreasú chun fostaíochta**: b’fhéidir go bhfuil an post chomh tarraingteach sin d’oibrithe mar gheall ar sholúbthacht na gcoinníollacha oibre / na gconarthaí. D’fhéadfadh tuilleadh rialaithe a bheith ina dhídhreasacht do dhaoine glacadh le poist in earnálacha áirithe.<br><br>**Méadú i gcostais**: i gcás ina dtabharfar conarthaí níos dolúbtha d’oibrithe, d’fhéadfadh sé go mbeifí á n-íoc cé go mbeadh éileamh íseal ann. Méadóidh sé sin na costais táirgthe don ghnólacht agus d’fhéadfadh sé go laghdófaí brabús dá thoradh.<br><br>**Níos lú solúbthachta d’oibrithe / fostóirí**: d’fheadfadh sé go mbeadh níos lú solúbthachta ag oibrithe agus fostóirí mar gheall ar bhreis-rialaithe agus b’fhéidir nach n-oirfeadh sin dóibh, agus d’fhéadfadh sé go ndéanfaí soláthar seirbhísí áirithe a laghdú / a chailleadh mar thoradh. | **1ú x 9**<br>**&**<br>**2 x 4** |


| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **8.** | Tá roinnt saoránach buartha faoin meath ar an ngníomhaíocht gheilleagrach i mbailte móra agus i gceantair thuaithe áirithe in Éirinn.<br><br>(a) Mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a ghabhann leis an meath seo ar an ngníomhaíocht gheilleagrach.<br><br>**Éagsúlachtaí geografacha i leibhéil fostaíochta**: agus níos lú deiseanna fostaíochta ar fáil i gceantair áirithe sa tír, d'fheadfadh sé go mbeadh níos mó dífhostaíochta ann, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an geilleagar ró-spleách ar earnálacha áirithe sa gheilleagar ós rud é go mbeadh formhór na bpost lonnaithe i gceantair uirbeacha.<br><br>**Laghdú sa daonra i gceantair áirithe /róphlódú i gceantair eile**: d'fhéadfadh sé go mbeadh ar dhaoine dul sa tóir ar fhostaíocht i gceantair in Éirinn atá róphlódaithe cheana mar gheall ar an easpa post agus acmhainní faoin tuath. D'fhéadfadh sé go rachadh daoine óga ar imirce ón gceantar áitiúil.<br><br>**Brú ar líonraí iompair na hÉireann**: cuirfear leis an mbrú ar líonraí iompair in Éirinn i gcás ina rachaidh daoine atá ina gcónaí i gceantair neamhfhorbartha sa tóir ar obair i gceantair fhorbartha. D'fhéadfadh sé freisin go gcuirfeadh siad leis an tsraoilleáil uirbeach lasmuigh de na cathracha móra agus leis an gcrios comaitéireachta ró-ualaithe.<br><br>**Ní bhaintear úsáid mar is ceart as an mbonneagar áitiúil / meath ar an infheistíocht / cailltear seirbhísí áitiúla:**<br>má thagann meath ar an ngníomhaíocht eacnamaíocht, ní bhainfear an úsáid chéanna as an mbonneagar áitiúil agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh meath air agus/nó nach mbeadh aon ugach ann lena thuilleadh infheistíochta a dhéanamh e.g. bóithre, soilsiú, etc. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an scoil áitiúil inmharthana a thuilleadh agus go mbeadh ar leanaí aistriú chuig scoileanna eile ansin. Má thagann laghdú ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch, teastóidh níos lú miondíoltóirí / soláthróirí seirbhíse.<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun dul i ngleic leis an meath geilleagrach seo.<br><br>**Dreasachtaí gnó chun lonnú i gceantair áirithe / buntáistí cánach / infheistíocht dhíreach eachtrach**: dá mbeadh dreasachtaí, amhail deontais, fóirdheontais nó buntáistí cánach, ar fáil ón rialtas nó ó ghníomhaireachtaí rialtais do ghnólachtaí chun lonnú i gceantair áirithe in Éirinn, d'fhéadfadh sé go spreagfadh sé sin daoine leis an méid sin a dhéanamh. Chabhródh an méid sin le meath geilleagrach a mhaolú agus d'fhéadfadh gnólachtaí dúchasacha agus eachtracha a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh.<br><br>**An bonneagar a fheabhsú / a chothabháil**: feabhas a chur ar bhóithre áitiúla chun rochtain a éascú. Má chuirtear leathanbhanda ar ardluas ar fáil spreagfar fás gnólachtaí sa cheantar. D'fhéadfaí pleanáil do thithíocht a theorannú do lár an bhaile chun leas a bhaint as na seirbhísí reatha.<br><br>**Deontais a chur ar fáil do phobail áitiúla chun fiontair phobail a fhorbairt**: d'fhéadfadh ionaid phobail pointe fócais a sholáthar don phobal agus d'fhéadfaidís muintearas a chothú sa phobal agus an comhoibriú, an fhiontraíocht agus gníomhaíochtaí sóisialta a chur chun cinn. D'fhéadfaí deontais a sholáthar d'fhiontair thurasóireachta.<br><br>**Seirbhísí áitiúla a fheabhsú / a chothabháil:**<br>Má choinnítear oifig an phoist, stáisiún na ngardaí agus an bhunscoil áitiúil ar oscailt, cinnteofar go mbeidh na seirbhísí ríthábhachtacha seo ar fáil go háitiúil agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí daoine chun cónaí ansin. | **1ú x 9**<br>**&**<br>**2 x 4** |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|

**9.** Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Olagaplacht**.

(i) Scríobh an lipéad **iomlán** (ní an giorrúchán) ar gach ceann de na línte atá uimhrithe 1 go 3. Bain úsáid as an bhfreagarbhosca thíos.

| Uimhir | Lipéad |
|---|---|
| 1 | Costas Imeallach |
| 2 | Éileamh/ Meánioncam |
| 3 | Ioncam Imeallach |




**Lipéid: 3 x 3**

(ii) Taispeáin ar an léaráid **pointe na cothromaíochta (E), an praghas ($P_1$)** a ghearrann an gnólacht seo agus **an chainníocht ($Q_1$)** a tháirgeann an gnólacht seo.

**Léaráid:**
**$P_1$ = 1**
**$Q_1$ = 1**
**E = 1**

(iii) Mínigh an téarma **dolúbthacht praghsanna** agus tú ag tagairt don léaráid.

Dolúbthacht praghsanna: sa léaráid thuas, ní dócha go n-athróidh praghsanna ó $P_1$ ós rud é go bhfuil imní ar an ngnólacht maidir le freagairt a cuid iomaitheoirí / laghdófar ioncam iomlán an ghnólachta mar thoradh.

**5**

# Roinn B (300 marc)


## C1: Fóntas, tomhaltas alcóil agus infheistíocht in iarnróid

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | **(i)** Mínigh Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí: Dar le dlí na háirgiúlachta imeallaí laghdaithí, de réir mar a bhíonn cainníocht níos airde d'earra á tomhailt, sroichfear pointe faoi dheireadh ag a dtosóidh an méid a chuirtear leis an áirgiúlacht iomlán (áirgiúlacht imeallach) de bheith ag laghdú. | **9** |
| | **(ii)** Bain úsáid as an tábla thuas agus ríomh an áirgiúlacht imeallach ag **A**, **B**, **C** agus **D** | |
| | (see table below) | **4** |
| | **(**Oibriú amach**: 25 - 10 = 15, 37 – 25 = 12, 47 – 37 = 10, 54 – 47 = 7)** | |
| | **(iii)** Luaigh an pointe ina dtosaíonn an áirgiúlacht imeallach laghdaitheach **agus** mínigh do fhreagra.<br>Tagann tionchar dhlí na háirgiúlachta imeallaí laghdaithí isteach tar éis thomhailt an dara haonad / ar thomhailt an tríú haonad.<br>Mar go bhfuil an áirgiúlacht bhreise/imeallach a fhaightear ó thomhailt an tríú haonad (12) níos ísle ná an áirgiúlacht imeallach/bhreise a fhaightear ó thomhailt an dara haonad. | **4** |
| | **(iv)** Luaigh agus mínigh **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann leis an dlí seo.<br>**Ní athraíonn ioncam / dúil an chustaiméara le linn na tréimhse tomhaltais**: má thagann athrú ar ioncam / dúil an chustaiméara d'fhéadfadh siad earraí eile a cheannach, rud a mbeidh tionchar aige ar an leibhéal áirgiúlachta.<br>**Is gá go n-úsáidfear cainníocht íochtarach (an bunphointe) chun go mbeidh feidhm ag an dlí:** Ní mór go dtomhlófar aonaid iomlána e.g. oráiste iomlán agus ní cuid d'oráiste.<br>**Níor imigh aon am thart idir tomhailt aonaid leantacha**: má imíonn go leor ama thart idir tomhailt gach aonaid, ní thiocfaidh laghdú ar an áirgiúlacht imeallach. E.g. má thomhlaítear muifín gach nóiméad vs. má thomhlaítear muifín gach Máirt. | **2 x 4** |
| | | **25** |

| Líon na nAonad a Thomhlaítear | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht Iomlán ina hAonaid / Util | 10 | 25 | 37 | 47 | 54 |
| Áirgiúlacht Imeallach ina hAonaid / Util | 10 | **15** | **12** | **10** | **7** |

<table>
<tr><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>

(i) Mínigh, le cuidiú léaráid a bhfuil lipéid shoiléire uirthi, an tionchar is dócha a bheidh ag na bearta thuas ar chothromaíocht an mhargaidh d’alcól in Éirinn.




$D_1$, $D_2$, $S_1$, Léiriú ar phraghas cothromaíochta níos ísle agus cainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann = 5 mharc

Ní bheidh an tionchar céanna ag fógraíocht gnólachtaí alcóil ós rud é go bhfuil níos lú áiteanna ina bhféadfaidh siad fógraíocht a dhéanamh ar a gcuid táirgí. Beidh sé sin ina ábhar le laghdú ar an éileamh d’alcól agus bogfaidh $D_1$ ar chlé go dtí $D_2$. Laghdóidh an chainníocht ó $C_1$ go $C_2$ agus ardóidh an praghas ó $P_1$ go $P_2$.

(ii) Déan plé ar thrí bheart eile a d’fhéadfaí a thabhairt isteach chun cuidiú le tomhaltas an alcóil in Éirinn a laghdú.

Cánacha: cánacha ar nós dleachta máil/CBL ar alcól a mhéadú, rud a bhféadfadh laghdú tomhaltais a bheith mar thoradh air.

Infhaighteacht a rialú: Srian a chur le huaireanta oscailte do phubanna agus siopaí alcóil chun go mbeidh níos lú amanna / deiseanna ann chun alcól a cheannach.

Teorainneacha a thabhairt isteach maidir leis an méid alcóil is féidir a cheannach ó shiopaí: Má chuireann siopaí agus ionaid díola srian ar an méid alcóil is féidir le custaiméir aonair a cheannach in idirbheart amháin d’fhéadfadh sé go laghdófaí an líon alcóil a thomhlaítear.

Srianta aoise: an aois dhlíthiúil chun alcól a ól a ardú ó 18 mbliana d’aois go dtí 21 bhliain d’aois.

Pointí díolacháin: teorainn a chur le líon na n-áiteanna a ndíoltar alcól, e.g. cosc a chur ar alcól a dhíol i stáisiúin peitril / srian a chur ar líon na gceadúnas. Constaic nó rannadóir a chruthú chun go mbeidh an t-alcól scartha ón gcuid eile den siopa.

Feasacht Tomhaltóirí: úsáid a bhaint as feachtais fógraíochta chun feasacht a ardú maidir leis an mbaol a bhaineann le barraíocht alcóil a ól / gan pointí dílseachta a bhronnadh ar alcól a cheannach. Lipéadú a thabhairt isteach chun rabhadh a thabhairt maidir leis an mbaol a bhaineann le barraíocht alcóil a ól: ailse, galar croí agus an t-ól agus sa tréimhse toirchis.

Íosphraghsáil a thabhairt isteach: cuirfidh sé seo deireadh le díol alcóil ar phraghsanna ‘ísle’ agus cuideoidh sé le tomhaltas a laghdú.

Pionóis níos géire a thabhairt isteach do ghnólachtaí a sháraíonn a gceadúnas: má bhriseann gnólacht an dlí, bain a cheadúnas licéir uathu.

Cosc a chur ar urraíocht ón earnáil ag ócáidí spóirt: d’fhéadfadh sé seo an nasc idir ócáidí spóirt agus an t-alcól a bhriseadh agus d’fhéadfadh sé cabhrú le tomhaltas alcóil a laghdú, go háirithe i measc daoine óga.

</td><td>

5

5

3 x 5

25

</td></tr>
</table>

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Luaigh agus mínigh cúis **amháin** a bhfuil méadú tagtha le déanaí ar an éileamh ar sheirbhísí traenacha in Éirinn.<br><br>**Athshlánú i ngeilleagar na hÉireann / méadú san fhostaíocht**: nuair a tháinig geilleagar na hÉireann slán ón gcúlú eacnamaíochta agus nuair a d'ardaigh na leibhéil fostaíochta timpeall na tíre d'fhás an t-éileamh ar an iompar poiblí.<br><br>**Géarchéim tithíochta**: toisc nach bhfuil teacht ag daoine ar réadmhaoin gar dá n-ionad oibre, is gá dóibh go leor taistil a dhéanamh, rud a chuireann leis an éileamh ar thicéid iarnróid.<br><br>**Easpa forbartha sna réigiúin/ Easpa forbartha faoin tuath**: caithfidh daoine go leor taistil a dhéanamh chun fostaíocht a aimsiú ós rud é go bhfuil ceantair áirithe sa tír i bhfad níos forbartha, agus níos mó deiseanna fostaíochta iontu, ná ceantair eile. (Tá roghanna eile ró-chostasach nó dodhéanta).<br><br>**Athruithe sa daonra**: agus athruithe ag teacht ar struchtúr déimeagrafach na hÉireann, tá níos mó seandaoine ag baint úsáid as iompar iarnróid saor in aisce. Tá tomhaltóirí áirithe ag dul i dtreo an iompair iarnróid nuair is féidir, toisc go bhfuil siad buartha faoin gcomhshaol.<br><br>**Níos mó tomhaltóirí ag baint úsáid as an Scéim Coigilte Cánach/TaxSaver na dTicéad Comaitéireachta:** is é is aidhm leis an scéim seo ná costais iompair poiblí a laghdú d'oibrithe. Tá busanna, iompair iarnróidagus an córas tram Luas cumhdaithe leis an scéim Coigilte Cánach. Oibrítear an scéim Coigilte Cánach i gcomhpháirt leis na Coimisinéirí Ioncaim. Féadfaidh oibrithe idir 31% agus 52% dá gcostais taistil a shábháil trí cháin, ÁSPC agus MSU a spáráil ach ticéad Coigilte Cánach a úsáid. | **7** |
| | **(ii)** Déan plé ar an gcás i bhfabhar **agus** in éadan infheistíocht mhéadaithe ag an Rialtais i gcóras iarnróid na hÉireann.<br><br>**Ar son:**<br>**Soghluaisteacht gheografach a spreagadh:** Ceadaíonn sé do dhaoine taisteal níos éasca idir codanna éagsúla den tír, ón mbaile go dtí an obair, agus mar sin méadaíonn sé soghluaisteacht an lucht saothair.<br><br>**Forbairt chothromaithe réigiúnach:** D'fhéadfadh caighdeán maireachtála níos fearr a bheith ann sna réigiúin mar thoradh ar bhonneagar iarnróid feabhsaithe agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé cuidiú le forbairt réigiúnach e.g. in Iarthar na hÉireann.<br><br>**Laghdú ar phlódú tráchta:** D'fhéadfaí brú tráchta laghdú dá mbeifí le húsáid níos mó a bhaint as an iompar iarnróid de réir mar a thosóidh an geilleagar de bheith ag fás.<br><br>**Tá sé measartha neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomparáid leis an taisteal i gcarranna:** D'fhéadfaí úsáid an iompair phoiblí a spreagadh chun nach n-úsáidfí an oiread breosla iontaise agus chun go sábhálfaí acmhainní ganna<br><br>**Bonneagar feabhsaithe:** Teastaíonn infheistíocht chun go gcuirfear seirbhís ar ardchaighdeáin ar fáil do thomhaltóirí ar bhonn leanúnach. D'fhéadfaí amanna taistil a laghdú mar thoradh ar an infheistíocht, rud a d'fhéadfadh éileamh ó dhaoine aonair agus ó ghnólachtaí a mhéadú.<br><br>**Tairbhe shóisialta:** Cuireann sé iompar ar fáil dóibh siúd nach bhfuil modh príobháideach iompair acu, mar sin tá sé inmhianaithe go sóisialta etc.<br><br>**Cost-éifeachtúil don stát**: tá rátaí úis ísle i gceist agus dá bhrí sin déantar an infheistíocht costéifeachtach. | **3 x 6** |


| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **In aghaidh:**<br><br>**An-dian ar chaipiteal**: de bhrí go mbíonn go leor caipitil ag teastáil, beidh impleachtaí móra maoinithe aige don rialtas, rud a mhéadóidh iasachtú an stáit. Tá fiachas náisiúnta ard ag Éirinn faoi láthair.<br><br>**Infheistíocht an-fhadtéarmach atá i gceist**: d'fhéadfadh sé é a bheith ró-chostasach mar gur infheistíocht fhadtéarmach é agus d'fhéadfadh infheistíocht i mbusanna a bheith níos fearr agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de sa ghearrthéarma.<br><br>**Deischostas**: bíonn deischostas, amhail hinfheistiú i bhfeabhsúchán bóithre, ag baint le fóirdheontais do línte nach ndéantar aon bhrabús orthu.<br><br>**Costas don cháiníocóir**: d'fhéadfadh an cáiníocóir a bheith buailte leis an mbille do sheirbhís neamhéifeachtach nó neamhbhrabúsach. Fuair Iarnród Éireann fóirdheontas oibleagáide seirbhíse poiblí dar luach €110.6 milliún in 2016.<br><br>**Éagórach dóibh siúd nach bhfuil seirbhís iarnróid acu**: ní bhainfidh gach duine leas as an infheistíocht toisc nach bhfuil seirbhísí iarnróid ar fáil i ngach cuid den tír. | **25** |

## C2. Iomaíocht Neamhfhoirfe

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Mínigh fáth **amháin** a bhfuil iomaíocht neamhfhoirfe ann sa tionscal thuas.<br><br>• **Tá go leor gnólachtaí beaga ann** a oibríonn go neamhspleách agus ar féidir leo tionchar a imirt ar phraghsanna.<br>• **Níl aon bhaic ar iontráil sa tionscal/ar imeacht ón tionscal.** Féadfaidh gnólachtaí iontráil sa tionscal agus imeacht ón tionscal gan aon bhaic – sin é an fáth a raibh méadú faoi chúig ann ó bhí 2012 ann.<br>• **Difreáil táirgí** Tá a gcuid táirgí difreáilte ag gnólachtaí sa tionscal. Déantar difreáil ar na táirgí le pacáistiú agus blasanna chun custaiméirí a mhealladh/dílseacht don bhranda a chruthú. | **5** |
| | **(ii)** Luaigh agus mínigh **trí shaintréith eile** de chuid an struchtúir mhargaidh seo (seachas an freagra a thug tú ar (i) thuas).<br><br>• **Tá go leor gnólachtaí beaga ann** a oibríonn go neamhspleách agus ar féidir leo a bpraghsanna féin a athrú.<br>• **Níl aon bhaic ar iontráil sa tionscal/ar imeacht ón tionscal.** Féadfaidh gnólachtaí iontráil sa tionscal agus imeacht ón tionscal gan aon bhaic – sin é an fáth a raibh méadú faoi chúig ann ó bhí 2012 ann.<br>• **Difreáil táirgí** Tá a gcuid táirgí difreáilte ag gnólachtaí sa tionscal. Déantar difreáil ar na táirgí le pacáistiú agus blasanna chun custaiméirí a mhealladh/dílseacht don bhranda a chruthú.<br>• **Tá go leor ceannaitheoirí ann** a oibríonn go neamhspleách agus nach féidir leo tionchar a imirt ar phraghsanna.<br>• **Eolas réasúnta laistigh den tionscal** Tá gach gnólacht sa tionscal ar an eolas faoin mbrabús a dhéanann gnólachtaí eile sa tionscal. D'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí ar an eolas maidir le gach praghas/táirge atá ar fáil laistigh den tionscal.<br>• **Féachann gach gnólacht lena oiread brabús a dhéanamh agus is féidir** Déanann na gnólachtaí iarracht brabús a uasmhéadú trí CI=II a tháirgeadh sula ngearrann CI (an costas imeallach) II (an t-ioncam imeallach) ón mbun. | **3 x 5**<br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|

**(b)** **(i)** Mínigh, le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid shoiléire uirthi, staid chothromaíochta gnólachta atá in iomaíocht neamhfhoirfe ghearrthéarmach.




| D=AR | MR | MC | AC | Pointe cothromaíochta ceart - E | $P_1$ | $C_1$ | $Q_1$ | Taispeántar SNP/Brabús Osnormálta go cruinn |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**9**

**9**

Míniú:


**1.** Cothromaíocht
- Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe E san áit a bhfuil
- CI = II [agus CI ag ardú].

**2.** Praghas / Aschur
- Táirgeann an gnólacht $C_{1.}$
- agus díolann sé é ar $P_{1.}$

**3.** Costas
- Taispeántar an costas ag $\text{Costas}_1$ (pointe Y).

**4.** BO
- Tá an gnólacht seo ag tuilleamh SNP/BO ($P_1$, $\text{Costas}_1$, Y, X)
- mar tá MI > Mch.

**5.** Neamhéifeachtúlacht
- Níl an gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe is ísle ar an gcuar MCh.
- Mar sin tá sé neamhéifeachtúil / diomailteach ó thaobh acmhainní de.

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **(ii)** Mínigh, le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid shoiléire uirthi, an tionchar a bheadh ag gnólachtaí nua ar chothromaíocht an ghnólachta in (b)(i) thuas dá dtiocfaidís isteach sa mhargadh.<br><br><br>Mar a théann níos mó gnólachtaí nua isteach sa tionscal:<br>• Caillfidh gach gnólacht atá ann cheana roinnt dá chustaiméirí mar thoradh ar an iomaíocht.<br>• Bogfaidh cuar éilimh an ghnólachta ar chlé go dtí $D_2$ dá bharr seo.<br>• Stopfaidh gnólachtaí de bheith ag teacht isteach sa tionscal nuair atá MI = MCI, ag an bpointe seo ní ghnóthaítear ach Brabús Normálta.<br><br>Is éard atá sa mhéid sin ná cothromaíocht fhadtéarmach an ghnólachta san iomaíocht neamhfhoirfe. | 6<br><br>6<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. | **6** |
| | Iomaíocht neamhphraghais: nuair a ndéanann gnólachtaí iarracht a bpraghsanna a chothabháil agus custaiméirí a mhealladh / a sciar den mhargadh a mhéadú ag baint úsáid as modhanna eile, d'fhonn iomaíocht thubaisteach le gnólachtaí eile trí athrú praghsanna a sheachaint. | |
| | **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla de bhearta éifeachtacha den iomaíocht neamhphraghais a mbaineann gnólachtaí leas astu. Cén fáth a gceapann tú go bhfuil na bearta seo éifeachtach ó thaobh na ngnólachtaí de? | **2 x 3** |
| | Féadfaidh gnólachtaí custaiméirí a mhealladh lena gcuid táirgí a cheannach trí na nithe thíos a ofráil dóibh:<br>• Clubchártaí / Cártaí dílseachta/Dearbháin sábhála airgid.<br>• Páirceáil saor in aisce<br>• Cúpóin<br>• Uaireanta oscailte 24 uair an chloig<br>• Bronntanais saor in aisce/féiríní<br>• Ceannaigh ceann, faigh ceann eile in aisce<br>• Láthair áisiúil<br>• Fógraíocht, promóisin agus brandáil. | |
| | Is féidir smaoineamh ar na nithe mar mhodhanna rathúla iomaíochta má éiríonn leo dílseacht don bhranda a chruthú agus má leanann custaiméirí de tháirgí a cheannach ó na gnólachtaí sin. | **5** |
| | **(iii)** An ndéanann an iomaíocht neamhphraghais leas na dtomhaltóirí? Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do fhreagra. | **2 x 4** |
| | **Baineann** | |
| | Cruthaíonn sé **cobhsaíocht praghsanna** a chuireann le cumas na gcustaiméirí buiséadú cruinn a dhéanamh don todhchaí. | |
| | **Cúitítear dílseacht custaiméirí**: braitheann custaiméirí go bhfuiltear buíoch as a gcustaim, agus moltar dóibh leanúint le hearraí a cheannach ón ngnólacht sin. | |
| | **Is é leanann fógraíocht fhaisnéiseach ná custaiméirí atá ar an eolas**: dé mhéad eolas atá ag custaiméirí, is simplí a bheidh sé dóibh cinneadh a dhéanamh maidir leis na táirgí a cheannóidh siad agus an chaoi ina bhféadfaidh siad an luach is fearr ar airgead a fháil. | |
| | **Eispéireas siopadóireachta níos éagsúla:** Tríd an táirge agus an t-eispéireas siopadóireachta a athrú bainfidh custaiméirí leas as tuilleadh éagsúlachta agus rogha. | |
| | **Ní dhéanann - níl sé chomh tairbheach leis an iomaíocht neamhphraghais:** | |
| | Bheadh earraí ar fáil ar phraghsanna níos ísle: dá mbeadh iomaíocht praghais ann bheadh fáil ag custaiméirí ar an táirge ag praghas níos saoire agus bheadh siad in ann níos mó luacha a bhaint óna gcuid ioncaim theoranta. Le hiomaíocht neamhphraghais d'fhéadfadh custaiméirí íoc as na bearta sin e.g. fógraíocht. | |
| | **Ioncam indiúscartha níos airde:** beidh ioncam indiúscartha níos airde ag tomhaltóirí anois de bharr praghsanna níos ísle agus beidh caighdeán níos fearr maireachtála acu freisin toisc go mbeidh siad in ann íoc as tuilleadh earraí/seirbhísí. | |
| | **Tuilleadh rogha**: ós rud é go mbeidh ioncam indiúscartha ag tomhaltóirí anois is fúthu a bheidh sé conas é a chaitheamh, seachas gnólacht a dhéanann margaidh speisialta a mbeadh ar thomhaltóirí íoc astu. | **25** |

## C3. Fostaíocht, CINanna agus neamh-chomhionannas inscne sa phá

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Sainmhínigh an téarma Lánfhostaíocht<br><br>**Lánfhostaíocht**: nuair atá gach ball den lucht oibre atá in ann agus sásta oibriú ar an bpá atá ann fostaithe (de ghnáth is ionann seo agus thart ar 4% dífhostaíocht.)<br><br>**(ii)** Déan plé ar na sochair **agus** ar na dúshláin eacnamaíochta a ghabhann leis an lánfhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann.<br><br>Ar na sochair féideartha eacnamaíochta, bheadh:<br><br>**Caighdeán maireachtála níos fearr do shaoránaigh**: cuirfidh ioncaim níos airde ar chumas daoine níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach.<br><br>**Laghdú ar an mbille leasa shóisialaigh / méadú in ioncam cánach:** de réir mar a bhíonn níos mó daoine ag obair ní bheidh an rialtas ag íoc amach an oiread íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Nuair a bheidh ardleibhéal fostaíochta i réim baileoidh an rialtas tuilleadh ioncaim ó chánachas díreach agus indíreach.<br><br>**Éileamh comhiomlán níos airde / fás geilleagrach**: de bharr na lánfhostaíochta, méadófar an t-éileamh comhiomlán ar earraí agus seirbhísí sa gheilleagar agus méadófar leis sin an fás geilleagrach agus OTN.<br><br>**Méadú san infheistíocht**: spreagann an lánfhostaíocht tuilleadh infheistíochta de réir mar a ardaíonn an t-éileamh agus de réir mar a bhíonn ionchais níos dearfaí ann faoin todhchaí.<br><br>**Tuilleadh muiníne as an ngeilleagar**: beidh níos mó muiníne ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí araon as an ngeilleagar agus ba chóir go spreagfadh sé borradh eile fós faoin ngeilleagar sa todhchaí.<br><br>**Laghdú sa neamhionannas agus d'fhéadfaí bochtaineacht a chosc**: nuair a aimsíonn daoine fostaíocht ardaíonn a n-ioncam agus titeann an leibhéal bochtaineachta sa tír, rud a d'fhéadfadh neamhionannas a laghdú sa tír.<br><br>Ar na dúshláin fhéideartha, bheadh:<br><br>**Ganntanas i dtaca le lucht saothair oilte**: d'fhéadfadh deacracht a bheith ag fostóirí spriocanna táirgeachta a chomhlíonadh. B'fhéidir go mbeadh ar fhostóirí oibrithe a earcú ó thar lear.<br><br>**Éilimh phá fhéideartha**: nuair a bhíonn ganntanas oibrithe ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhostóirí rátaí pá a ardú d'fhonn na hoibrithe atá acu a choinneáil agus fostaithe nua a mhealladh.<br><br>**Brú ar bhonneagar an stáit**: agus breis daoine ag obair, beidh brú ar iompar, seirbhísí poiblí, scoileanna, tithíocht, etc. D'fhéadfadh sé a bheith deacair infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh de bharr ganntanas tithe ar phraghas réasúnta agus áiteanna scoile.<br><br>**Cailliúint seirbhísí**: sna hearnálacha sin ina bhfuil rátaí pá ísle, d'fhéadfadh sé a bheith deacair oibrithe a mhealladh agus d'fhéadfadh meath teacht ar chaighdeán na seirbhíse nó d'fhéadfadh sé go rachadh an caighdeán in olcas nó go scorfaí den tseirbhís.<br><br>**Brúnna boilscitheacha**: cuireann ioncaim agus caiteachas méadaithe borradh faoi bhoilsciú sa gheilleagar.<br><br>**Tionchar Chomhardú Diúltach Íocaíochtaí:** cuireann ioncaim mhéadaitheacha agus claonadh imeallach chun iompórtála leis an éileamh ar iompórtálacha agus d'fhéadfadh sé go mbeadh easnamh i gComhardú na Trádála. | **8**<br><br>**3 x 6**<br>**(3+3)**<br><br>**26** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Áit tharraingteach do mhórán corparáidí ilnáisiúnta (CIN) is ea Éire.<br><br>Déan plé ar **cheithre** riosca eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann dá gcinnfeadh roinnt de na corparáidí ilnáisiúnta atá in Éirinn faoi láthair, athlonnú taobh amuigh den tír.<br><br>**Ioncaim chánach**: íocann cuideachtaí ilnáisiúnta an chuid is mó de Cháin Chorparáide na hÉireann, atá an-luaineach, agus d'fhágfaí airgeadas an rialtais i staid leochaileach i gcás ina gcinnfeadh siad athlonnú. Ghlac an rialtas le cáin chorparáide dar luach €3.1 billiúin, an luach is mó riamh, i mí na Samhna 2019 mar thoradh ar amhantar tiomanta ag íocaíochtaí móra ó chorparáidí ilnáisiúnta.<br><br>**Laghdú fostaíochta**: dá gcinnfeadh siad bogadh amach as Éirinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair mhóra aige sin ar an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta. Chinn níos mó ná 1,100 cuideachta eachtrach Éire a chur ag croílár a gcuid oibríochtaí san Eoraip agus na mílte daoine a fhostú, agus fostaítear na mílte eile mar thoradh indíreach ar an infheistíocht sin. D'fhéadfadh sé go mbeidh dífhostaíocht ar mhórscála ann i gcás ina gcinnfidh na gnólachtaí sin athlonnú go tír eile. Tá 240,000 duine in Éirinn fostaithe ag gnólachtaí eachtracha.<br><br>**Éifeachtaí ar fhás geilleagrach:** bheadh tionchar mór diúltach ag poist, ioncaim agus brabús caillte agus laghdú in easpórtálacha ar fhás geilleagrach na hÉireann sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse.<br><br>**Níos deacra infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh**: dá n-athlonnódh roinnt gnólachtaí ilnáisiúnta lasmuigh d'Éirinn d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé sin in iúl do ghnólachtaí ilnáisiúnta eile atá ag cuimhneamh ar lonnú in Éirinn go bhfuil an tír mítharraingteach don infheistíocht dhíreach eachtrach. Bheadh sé níos deacra sa chás sin don GFT infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus d'fhéadfaí brú a chur ar an rialtas tuilleadh spreagthaí a thabhairt do na gnólachtaí ilnáisiúnta sin.<br><br>**Caillteanas scileanna i measc an luchta oibre**: d'fhéadfadh oibrithe atá dífhostaithe agus soghluaiste dul ar imirce, agus chaillfí a gcuid scileanna ó gheilleagar na hÉireann. D'fhéadfadh sé go mbeadh maoiniú de dhíth sa todhchaí chun oiliúint bhreise a chur ar oibrithe.<br><br>**Tionchar ar an bhforbairt réigiúnach**: cruthaíonn roinnt de na gnólachtaí go leor post i mbailte / cathracha timpeall na hÉireann. Dá n-athlonnódh siad bheadh tionchar mór aige sin ar na réigiúin sin agus bheadh sé an-deachair forbairt réigiúnach a bhaint amach in Éirinn. Athstruchtúrú an chomhlachta cógaisíochta Novartis i gCorcaigh agus na monarchan Molex sa tSionainn. | **4 x 6**<br>**(3 + 3)**<br><br><br>**24** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil éagothroime pá ar bhonn inscne ann i ngeilleagar na hÉireann fós.<br><br>**Leithcheal sa láthair oibre**: d'fhéadfadh sé tarlú nach n-íocfaí an pá céanna le mná agus fir, cé go ndéanfaidís an obair chéanna, de dheasca leithcheal mídhleathach sa láthair oibre.<br><br>**Easpa forfheidhmithe ó ghnólachtaí Stáit**: ní chuireann gníomhaireachtaí Stáit an reachtaíocht reatha i bhfeidhm agus/nó ní thógann siad caingean dlí in aghaidh ciontóirí.<br><br>**Cothromaíocht idir dualgais oibre agus teaghlaigh**: oibríonn mná níos lú uaireanta agus go minic ar bhonn páirtaimseartha chun freagrachtaí teaghlaigh agus obair le pá a chomhcheangal. Is féidir le saoire mháithreachais cuir isteach ar dhul chun cinn gairmiúil.<br><br>**'An tsíleáil gloine' / níos lú mná i bpoist shinsearacha agus ceannaireachta**: tá mná faoi ghannionadaíocht i bhformhór na bpost sinsearach, i gcúrsaí polaitíochta agus in earnálacha áirithe sa gheilleagar amhail boird bhainisteoireachta.<br><br>**Poist éagsúla, earnálacha éagsúla**: déanann mná agus fir poist éagsúla agus go minic oibríonn siad in earnálacha éagsúla. In obair shláinte agus shóisialta is mná iad 80% de na hoibrithe.<br><br>**Obair agus scileanna mná á meas faoina luach**: déantar cumas agus scileanna ban a mheas faoina luach go minic, go háirithe i ngairmeacha ar mná iad tromlach na n-oibrithe. Léirítear é seo le rátaí pá níos ísle.<br><br>**Róil inscne ban / traidisiúin**: d'fhéadfadh daoine áirithe a bheith faoin tuairim fós gurb é fanacht sa bhaile agus leanaí a thógáil ról ban sa tsochaí – d'fhéadfadh rátaí a bheith níos ísle i sochaithe áirithe mar gheall air seo go fóill. | |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **(ii)** Déan plé ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cuidiú le héagothroime pá ar bhonn inscne a laghdú in Éirinn.<br><br>**Feachtas chun feasacht a ardú**: d'fhéadfadh rialtais bearta a leagan síos chun feasacht a ardú ar chomhionannas inscne agus ar dhea-chleachtas i gcuideachtaí. D'fhéadfadh feachtas fógraíochta forleathan le linn 'Lá Pá Comhionann na hEorpa' (*European Equal Pay Day)* feasacht a ardú ar dhifreálach pá idir na hinscní agus athrú a spreagadh dá bharr.<br>Faoin mBille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní 2019 bheadh ar aon chomhlacht le níos mó ná 50 duine fostaithe ann tuairisciú a dhéanamh maidir leis an mbearna pá.<br><br>**Comhaontuithe comhchoiteanna**: d'fhéadfadh comhpháirtithe sóisialta foráil a dhéanamh i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus a cheangal ar chuideachtaí tuairisciú a dhéanamh ar thuarastail agus ar phleananna i ndáil le deireadh a chur le difreálach pá idir na hinscní.<br><br>**Iniúchtaí Saothair / ciontóirí a ainmniú agus a náiriú**: d'fhéadfaí oiliúint a chur ar iniúchóirí saothair maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar sháruithe comhionannas pá agus d'fhéadfaí ainmneacha na gciontóirí a fhoilsiú.<br><br>**Iniúchtaí ag cuideachtaí**: cuireann pleananna agus iniúchtaí maidir le comhionannas inscne ar chumas cuideachtaí a ndul chun cinn a mheas i ndáil le comhionannas inscne agus pá comhionann.<br><br>**Córais phá a dhéanamh trédhearcach**: tá córais phá thrédhearcacha an-tábhachtach i dtaca le pá comhionann a chur i bhfeidhm e.g. bogearraí a chuidíonn le cuideachtaí anailís a dhéanamh ar struchtúir phá agus soláthar foirne agus lena dheimhniú go bhfuil pá comhionann ann.<br><br>**Staidéar ar Chomhionannas Inscne**: d'fhéadfadh rialtas náisiúnta staidéar ar an tsaincheist seo a thionscnamh agus bearta a thógáil chun straitéisí a chuireann deireadh leis an difreálach pá idir na hinscní a chur chun feidhme.<br><br>**Dlíthe reatha a chur i bhfeidhm / a fhorghníomhú**: d'fhéadfadh rialtais a áirithiú freisin go ndéanfaí dlí reatha a fhorfheidhmiú trí chaingne dlí a thógáil in aghaidh ciontóirí.<br><br>**Oideachas ar steiréitíopáil inscne**: d'fhéadfaí tabhairt faoi bhearta a chuirfeadh dúshlán faoi dhearcthaí 'traidisiúnta' ar mhná sna scoileanna, sa bhaile agus sa láthair oibre. | **1ú: 8**<br>**2ú:7**<br>**2 x 5**<br><br>**25** |

## C4. Costais agus Iomaíocht/Rialúchán


| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Is féidir go bhfanfaidh gnólachtaí i dtionscal sa ghearrthéarma fiú má tá siad ag déanamh caillteanais. Mínigh an ráiteas seo.<br><br>Má bhíonn ioncam iomlán gnólachta níos mó ná a chostais athraitheacha iomlán, leanfaidh sé de bheith ag táirgeadh sa ghearrthéarma. Féadfaidh aon ioncam a ghintear os cionn chostas athraitheach an ghnólachta dul i dtreo costais sheasta a íoc. | **5** |
| | **(ii)** Luaigh agus mínigh **trí** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht srian a choinneáil ar a chuid costas.<br><br>**Praghsanna níos ísle / tuilleadh éilimh / méadú i mbrabús**: d'fhéadfadh gnólacht bheith ábalta a phraghsanna a ísliú agus d'fhéadfadh sé sin tomhaltóirí a mhealladh le níos mó earraí/seirbhísí a cheannach. Beidh díolacháin mhéadaithe agus brabús méadaithe chomh maith le todhchaí níos cinnte de thoradh ar éileamh méadaithe.<br><br>**Tuilleadh iomaíochta**: d'fhéadfadh praghsanna na n-earraí sin titim de bharr costais níos ísle. D'fhéadfadh gnólachtaí a easpórtálann a gcuid earraí a aimsiú go méadóidh an t-éileamh ar a n-easpórtálacha mar go bhfuil siad níos iomaíche.<br><br>**Acmhainní ganna a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí / níos lú diomailte**: beidh gach gnólacht ag iarraidh costais a rialú le nach mbeidh acmhainní atá gann á gcur amú acu.<br><br>**Marthanacht gnó**: ní mór don ghnólacht go leor airgid a bheith aige lena bhillí a íoc de réir mar a bhíonn siad le híoc. Más mó costais ná ioncam, cuirfear an gnólacht as gnó san fhadtréimhse. Ní mór don ghnólacht brabús a thuilleamh chun fanacht i mbun gnó. | **15**<br>**(3 x 5)**<br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | **(i)** Ríomh costas imeallach agus meánchostas iomlán gach aonaid aschuir. Taispeáin do chuid oibre go léir i do fhreagarleabhar. | |

| Aschur (C) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Costas Iomlán (CI)** | 10 | 20 | 27 | 36 | 52 | 80 |
| **Costas Imeallach (CI) in €** | - | 10 | 7 | 9 | 16 | 28 |
| **Meánchostas Iomlán (MCh) in €** | - | 20 | 13.5 | 12 | 13 | 16 |

| Ríomhanna Costais Imeallaigh: | Ríomhanna Meánchostais Iomláin: |
|---|---|
| **MCh1**: 20 – 10 = 10 | **MC2:** 20 ÷ 1 = 20 |
| **CI2**: 27 – 20 = 7 | **MC2:** 20 ÷ 2 = 13.5 |
| **CI3:** 36 – 27 = 9 | **MC2:** 20 ÷ 3 = 12 |
| **CI4:** 52 – 36 = 16 | **MC2:** 20 ÷ 4 = 13 |
| **CI5:** 80 – 52 = 28 | **MC2:** 20 ÷ 5 = 16 |

**10 (10 x 1)**




**10 (10 x 1)**

**(ii)** Tarraing graf **amháin** a thaispeánfaidh an **costas imeallach** agus an **meánchostas iomlán**, agus mínigh an coibhneas atá idir an dá chuar.
(Is ceadmhach grafpháipéar a úsáid más mian leat.)

Nuair atá an costas imeallach níos ísle ná an meánchostas, tá an meánchostas ag titim, i.e. tá sé á tharraingt anuas ag an gcostas imeallach.
Nuair atá an costas imeallach níos airde ná an meánchostas, tá an meánchostas ag ardú, i.e. tá sé á tharraingt in airde ag an gcostas imeallach.
Ag a phointe is ísle, tá an meánchostas cothrom leis an gcostas imeallach.

**5**

**25**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Sainmhínigh barainneachtaí scála **inmheánacha**.<br><br>**Barainneachtaí inmheánacha scála**: na laghduithe / méaduithe sa mheánchostas iomlán a charnann ar ghnólacht de réir mar a mhéadaíonn a scála táirgeachta.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bharainneacht scála **inmheánacha** a bhféadfadh Fiat Chrysler/Peugeot tairbhe a bhaint astu i ndiaidh an chumaisc.<br><br>**Barainneachtaí bainistíochta / barainneachtaí saothair**: d'fhéadfadh oibrithe éirí níos oilte ag a sainthascanna agus d'fhéadfadh táirgiúlacht an ghnólachta dul in airde dá bharr. Ní choinneofar ach na bainisteoirí is fearr ón dá ghnólacht ar bord agus laghdófar costais ag baint le baill foirne riaracháin / neamhtháirgiúla.<br><br>**Barainneachtaí ceannaithe**: beidh scála táirgeachta an ghnólachta iomláin níos airde anois agus beidh siad in ann amhábhair a cheannach ar scála níos mó. D'fhéadfadh praghsanna níos ísle in aghaidh an aonaid eascairt as an mbulc-cheannach.<br><br>**Barainneachtaí teicneolaíochta**: mar a chumascann gnólachtaí, b'fhéidir go mbeadh siad in ann a n-acmhainní a chur le chéile chun an teicneolaíocht is nuaí a cheannach agus laghdófar an praghas táirgeachta in aghaidh an aonaid.<br><br>**Barainneachtaí ina bhfuil amhábhair in úsáid**: féadfaidh an gnólacht na comhpháirteanna céanna a úsáid ar a gcuid feithiclí agus beidh dóchúlacht níos lú ann go gcuirfear acmhainní amú.<br><br>**Barainneachtaí dáileacháin**: i ndiaidh an chumaisc beidh níos mó gnóthais ag an ngnólacht i dtuilleadh áiteanna, agus beidh costais iompair i gceist le haghaidh amhábhair agus táirgí críochnaithe.<br><br>**Barainneachtaí margaíochta**: féadfaidh an gnólacht costais margaíochta a roinnt thar réimse níos leithne d'aschuir agus laghdófar costais in aghaidh an aonaid. Is féidir úsáid níos éifeachtúla a bhaint as foireann speisialtóra margaíochta thar réimse feithiclí níos mó.<br><br>**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ngníomhódh feidhmeannach iomaíochta an AE chun an cumasc atá molta a bhlocáil.<br><br>**Dúshaothrú tomhaltóirí**: beidh margadh níos dlúithe ann de bharr iomaíocht níos ísle sa mhargadh, agus d'fhéadfaí tomhaltóirí a dhúshaothrú chun a oiread brabúis agus is féidir a bhaint amach.<br><br>**Praghsanna níos airde**: le níos lú iomaíochta idir gnólachtaí is dóichí go rachaidh praghsanna in airde.<br><br>**Laghdú i dtaighde agus forbairt**: d'fheadfadh fonn níos lú a bheith ar ghnólachtaí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt má tá níos lú gnólachtaí in iomaíocht leo.<br><br>**Cainníocht agus rogha níos lú do thomhaltóirí**: d'fhéadfadh an líon iomlán carranna a tháirgtear titim de réir mar a stopfadh gnólachtaí de bheith ag táirgeadh carranna ó shean-línte táirgí. Laghdófar cainníocht na gcarranna atá ar fáil agus na roghanna atá ar fáil do thomhaltóirí dá bharr. | **10**<br><br><br><br>**3 x 4**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**2 x 4 (2+2)**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**30** |

## C5. Fiontar, Saothar agus Leaisteachas

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | **(i)** Sainmhínigh an toisc táirgeachta 'fiontraíocht'<br><br>**Fiontraíocht**: cabhraíonn fiontraíocht le saibhreas a chruthú trí thionscnaíocht / smaointe a sholáthar agus eagraíonn / rialaíonn sí gach toisc táirgeachta eile d'fhonn brabús a dhéanamh in ainneoin na rioscaí bainteacha. | 9 |
| | **(ii)** Déan plé ar **cheithre** chúis eacnamaíochta a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.<br><br>**Fostaíocht a chruthú**: tá oibrithe ag teastáil ó fhiontraithe chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Beidh níos lú brú ar an rialtas mar go gcruthófar earnáil shláintiúil phríobháideach ina bhfuil poist ar fáil.<br><br>**Táirgeadh a eagrú**: eagraíonn fiontraithe na tosca táirgeachta eile ina n-aonaid táirgeachta, rud atá ríthábhachtach don aschur táirgeachta i dtír.<br><br>**Na praghsanna atá le gearradh a chinneadh**: cinneann fiontraithe an praghas atá le gearradh dá n-earraí agus dá seirbhísí ag súil leis go mbeidh éileamh ann ag na leibhéil praghais sin. Tagann na cinntí aonair praghais sin le chéile chun ráta boilscithe agus iomaíochta náisiúnta na tíre a chinneadh.<br><br>**Cé na hearraí atá le táirgeadh a chinneadh**: cinneann fiontraithe cé na hearraí agus na seirbhísí atá le táirgeadh agus cé mhéad díobh sin a tháirgfear, trí éileamh an tomhaltóra a réamh-mheas.<br><br>**Infheistíocht bhreise / nuálaíocht a spreagadh**: cuireann fiontraithe a gcuid airgid mar aon lena gcuid scileanna i ngnó le súil go ndéanfaidís brabús agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí infheistíocht bhreise sa gheilleagar/i gcultúr na fiontraíochta dá mbeadh rath air.<br><br>**Margadh do chistí coigilteoirí a chruthú**: soláthraíonn fiontraithe margadh infheistíochta do chistí coigilteoirí, a ghineann toradh ar choigilteas.<br><br>**Cruthaítear ioncam don rialtas**: cuidíonn fiontraithe le hioncam a ghiniúint don rialtas trí cháin chorparáide agus freisin trí CBL agus cánacha ioncaim.<br><br>**D'fhéadfaí easpórtálacha a mhéadú**: má dhéantar na hearraí a tháirgtear a easpórtáil, feabhsófar staid chomhardú na n-íocaíochtaí in Éirinn. Má tá easpórtálacha níos airde ná iompórtálacha beidh barraíocht i gcomhardú na n-íocaíochtaí ann in Éirinn.<br><br>**Ioncam agus saibhreas a chruthú laistigh den tír**: cruthaíonn fiontraithe rathúla sruthanna ioncaim dóibh féin agus do dhaoine eile. Gineann siad sócmhainní freisin, agus cruthaíonn sé sin stoc saibhris a chabhróidh le caighdeán maireachtála na tíre a ardú. | **4 x 4 (2 + 2)**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|

**(b)** **(i)** Ríomh an táirgeacht imeallach agus táirgeacht imeallach ioncaim an tsaothair i gcás an ghnólachta seo. Taispeáin do chuid oibre go léir i do fhreagarleabhar. **18**

| Aonaid saothair fostaithe | Aschur iomlán in aghaidh na seachtaine (aonaid) | Táirgeacht Imeallach (aonaid) | Praghas an aschuir | Táirgeacht Imeallach Ioncaim an tsaothair | Costas Imeallach an tsaothair |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 10 | 10 | €20 | €200 | €140 |
| 2 | 25 | **15** | €20 | **€300** | €140 |
| 3 | 45 | **20** | €20 | **€400** | €140 |
| 4 | 60 | **15** | €20 | **€300** | €140 |
| 5 | 70 | **10** | €20 | **€200** | €140 |
| 6 | 77 | **7** | €20 | **€140** | €140 |
| 7 | 82 | **5** | €20 | **€100** | €140 |

| Ríomhanna Táirge Imeallaigh: | Ríomhanna Táirge Ioncaim Imeallaigh: |
|---|---|
| $\mathbf{TI_2}$: 25 – 10 = 15 | $\mathbf{TII_2}$: 15 x 20 = 300 |
| $\mathbf{TI_3}$: 45 – 25 = 20 | $\mathbf{TII_3}$: 20 x 20 = 400 |
| $\mathbf{TI_4}$: 60 – 45 = 15 | $\mathbf{TII_4}$: 15 x 20 = 300 |
| $\mathbf{TI_5}$: 70 – 60 = 10 | $\mathbf{TII_5}$: 10 x 20 = 200 |
| $\mathbf{TI_6}$: 77 – 70 = 7 | $\mathbf{TII_6}$: 7 x 20 = 140 |
| $\mathbf{TI_7}$: 82 – 77 = 5 | $\mathbf{TII_7}$: 5 x 20 = 100 |
| **6 x 2 mharc an ceann** | **6 x 1 mharc an ceann.** |

**(ii)** Luaigh an pointe ina dtagann dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh i bhfeidhm i gcás an tsaothair sa sampla thuas. Mínigh do fhreagra. **6**

- Beidh tionchar ag dlí na háirgiúlachta imeallaí laghdaithí tar éis don tríú haonad a bheith úsáidte /nuair a úsáidtear an ceathrú haonad.
- Tá an méid sin le feiceáil ós rud é go bhfuil an t-aschur breise arna tháirgeadh ag an 4ú hoibrí níos ísle ná an t-aschur arna tháirgeadh ag an 3ú hoibrí.
- Ón bpointe seo ar aghaidh, is lú a chuireann gach oibrí breise leis an aschur breise ná an t-oibrí roimhe.

**(iii)** Cé mhéad oibrí ba chóir a fhostú sa ghnólacht thuas? Mínigh an chúis le do fhreagra. **6**

- Ba cheart don ghnólacht seo seisear oibrithe a fhostú.
- Is ionann an t-ioncam imeallach arna thuilleadh ón 6ú hoibrí a bheith fostaithe agus an costas imeallach a bhaineann leis an 6ú hoibrí a fhostú.
- Má tá níos lú ná seisear fostaithe d'fhéadfadh níos mó brabúis a dhéanamh trína thuilleadh oibrithe a fhostú. D'fhéadfadh caillteanas a bheith i gceist don úinéir má tá níos lú ná seisear oibrithe fostaithe.
- Is é seo an líon optamach oibrithe.

**30**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | Cuireann gnólacht in Éirinn, a dhíolann a tháirge ar mhargadh an AE agus ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), an t-eolas seo a leanas ar fáil: | |

| | AE | SAM |
|---|---|---|
| Praghasleaisteachas an éilimh | –0.8 | –2.4 |
| Ioncamleaisteachas an éilimh | +0.72 | +2.8 |

**(i)** Mínigh cé acu atá an táirge seo ina earra **normálta** nó earra **lagmheasa**, dar leat. **7**

- Gnáth-earra is ea an t-earra seo. Tá sé sin soiléir toisc go bhfuil leaisteachas ioncaim éilimh dearfach aige, a thugann le fios go gceannófar níos mó den earra seo má mhéadófar an táirgeacht.

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** leis an difríocht i b**praghasleaisteachas** an éilimh ar an earra seo i ngach ceann de na margaí. **7**

Tá leaisteachas ioncaim éilimh an earra níos ísle san Aontas Eorpach ná mar atá sé sna Stáit Aontaithe. i.e. tá éileamh níos lú ar athruithe céatadáin sa chainníocht ná mar atá ar athruithe céatadáin sa phraghas san Aontas Eorpach, ach ní amhlaidh sin sna Stáit Aontaithe.

- D’fhéadfadh sé go mbeadh dílseacht níos airde ag an mbranda sa mhargadh Eorpach ná mar atá sna Stáit Aontaithe. Má tá tomhaltóirí dílis don bhranda i margadh amháin ach mura bhfuil siad i margadh eile, d’fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh cumhachta acu an praghas a ardú gan an chainníocht a ísliú go suntasach.
- D’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó táirgí ionadaíocha ar fáil sa mhargadh sna Stáit Aontaithe nach bhfuil ar fáil sa mhargadh Eorpach. Má thagann ardú ar an bpraghas d’fhéadfadh go leor custaiméirí sna Stáit Aontaithe athrú go táirge eile, ach ní féidir le custaiméirí Eorpacha an méid sin a dhéanamh.

**(iii)** Más mian leis an ngnólacht seo an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin a uasmhéadú, comhairligh don ghnólacht cén margadh inar chóir an praghas is airde a ghearradh. Mínigh do fhreagra. **6**

- Sa mhargadh Eorpach.
  Tá an t-éileamh san Aontas Eorpach praghas-neamhleaisteach, mar sin ba cheart do na gnólachtaí praghas níos airde a ghearradh anseo toisc nach bhfuil tomhaltóirí chomh freagrach ar athruithe praghais is atá tomhaltóirí i margadh na Stát Aontaithe, agus ar an mbonn sin ní thiocfaidh athrú an-mhór ar an éileamh.

- Ar an lámh eile, tá an t-éileamh don earra sna Stáit Aontaithe praghas-leaisteach agus má ghearrann an gnólacht praghas níos airde bheadh an t-athrú céatadáin sa chainníocht a éilítear níos airde ná an t-athrú céatadáin sa phraghas, agus laghdófaí an t-ioncam iomlán dá bharr.

**20**

## C6. Trádáil Idirnáisiúnta

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Mínigh na téarmaí **taraifí** agus **fóirdheontais**.<br><br>**Taraifí**: cáin a ghearrtar ar iompórtálacha chun go mbeidh siad níos costasaí, chun go mbeidh fonn níos lú ar thomhaltóirí iad a cheannach.<br><br>**Fóirdheontais**: íocaíochtaí ón rialtas / Aontas Eorpach go dtí tairgeoirí áitiúla chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dóibh earra faoi leith a tháirgeadh / meánchostais an tairgeora a laghdú. | **2 x 6** |
| | **(ii)** Mínigh cén fáth a dtabharfadh an AE fóirdheontais do chuideachta mar Airbus.<br><br>**Fostaíocht Eorpach**: leis an tacaíocht bhreise beidh aschur níos airde ag an ngnólacht seo, beidh tuilleadh saothair de dhíth chun na gcríoch sin, agus cuirfear leis an bhfosaíocht san Eoraip, lena n-áirítear seach-chuideachta a thacaíonn le déantúsaíocht eitleán.<br><br>**Fás i ngeilleagar na hEorpa**: leis na fóirdheontais seo beidh aschur níos airde ag an ngnólacht ar chostas níos ísle. Má théann an t-aschur in airde bliain i ndiaidh bliana tacóidh sé sin leis an bhfás geilleagrach san Eoraip agus le caighdeán maireachtála níos airde sa réigiún.<br><br>**Taighde agus Forbairt**: aithníonn an tAontas Eorpach an luach a bhaineann le taighde agus forbairt agus cuireann sé tacaíocht ar fáil don ghnólacht seo d'fhonn tacú le dul chun cinn teicneolaíochta.<br><br>**Trádáil Eorpach (agus Idirnáisiúnta) a spreagadh**: leis an tacaíocht seo ón Aontas Eorpach féadfaidh Airbus a bheith an-oilte ina gcuid táirgeachta, laghdófar costais, beidh siad níos iomaíche go hidirnáisiúnta agus spreagfar trádáil dá bharr. Spreagtar Airbus le hamhábhair a fhoinsiú fud fad na hEorpa chomh maith. | **6**<br>**(3+3)** |
| | **(iii)** Déan plé ar na hargóintí **i gcoinne** caomhnaitheacht trádála.<br><br>**D'fhéadfadh gnólachtaí a bheith ag brath rómhór ar an gcosaint:** d'fhéadfadh gnólacht a bheith neamhéifeachtach mar gheall ar a leithéidí de bheartas toisc go bhfuil eangach shábháilteachta acu. D'fhéadfadh sé go mbraithfeadh an ghnólacht go bhfuil gá níos lú ann a tháirge a nuáil nó a fheabhsú toisc go mbeidh an lámh in uachtar acu cheana ar a n-iomaitheoirí iasachta.<br><br>**D'fhéadfaí frithbhearta a dhéanamh mar fhreagairt**: tá na Stáit Aontaithe míshásta agus tá taraifí gearrtha acu ar earraí Eorpacha mar fhreagairt. Sna cúinsí eacnamaíocha reatha, is cosúil go bhfuil go leor naimhdis i láthair in go leor frontaí trádála, agus cogadh trádála idir na Stáit Aontaithe agus an tSín faoi lánseol.<br><br>**Neamhionannas**: d'fhéadfadh go bhfaigheadh gnólachtaí áirithe tacaíocht agus go mbeadh ar ghnólachtaí eile maireachtáil gan í. Tá an méid sin míchothrom ó nádúr. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionscnaimh gnó ag streachailt cheana chun dul in iomaíocht le struchtúir costais na ngnólachtaí móra, má chuirtear beartais cosantacha i bhfeidhm d'fhéadfadh sé sin cur as do ghnólachtaí nua.<br><br>**Laghdú san aschur domhanda**: de réir dhlí an bhuntáiste chomparáidigh, glactar leis go laghdóidh an t-aschur domhanda má tá táirgeacht speisialaithe ag tíortha. Leis an gcosantachas, táirgfear níos lú aschuir go domhanda.<br><br>**Leibhéil fostaíochta**: le saorthrádáil, rachadh an t-aschur in airde agus leis sin leibhéil fostaíochta. | **12**<br>**(3 x 4)**<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | **(i)** Déan idirdhealú idir **limistéar saorthrádála** agus **cómhargadh** (mar an tAontas Eorpach).<br><br>Ciallaíonn **Limistéar Saorthrádála** gur féidir le ballstáit saorthrádáil a dhéanamh lena chéile gan taraifí a ghearradh ar a chéile.<br><br>I g**Cómhargadh**, aontaíonn ballstáit trádáil a dhéanamh go saor agus gearrann siad taraifí comhionanna ar thíortha atá lasmuigh den aontas custaim. Féadfaidh tionscal agus caipitil bogadh idir bhallstáit gan bhacainní freisin.<br><br>**(ii)** Déan plé ar **thrí** shochar eacnamaíochta d'Éirinn a ghabhann lenár mballraíocht den AE a choinneáil.<br><br>**Limistéar Saorthrádála / margadh níos mó / trádáil a fhairsingiú:** mar bhall den Aontas Eorpach tá teacht ag Éirinn ar mhargadh níos mó ina bhfuil níos mó ná 500 milliún duine. Ní ghearrtar taraifí ar easpórtálacha chuig na custaiméirí sin. Baineann Éire leas freisin as na comhaontuithe comhchoiteanna a bhaineann an tAontas Eorpach amach le tríú tíortha. Tá trádáil laistigh den Aontas Eorpach níos éasca freisin toisc nach bhfuil bacainní ann / is féidir le gnólachtaí Éireannacha tairiscint a chur isteach ar chonarthaí in earnáil phoiblí an Aontais Eorpaigh.<br><br>**Cistiú caipitil:** Tá go leor cistiú caipitil faighte ag Éirinn ón Aontas Eorpach agus í mar bhall i gcaitheamh na mblianta agus cuireadh le tionscadail amhail bonneagar a fheabhsú, deontais athoiliúna, maoiniú Erasmus etc.<br><br>**Saoirse gluaiseachta caipitil / lucht saothair**: táimid saor le cur fúinn agus oibriú in aon bhallstát eile gan víosa. Tá teacht againn ar tuilleadh deiseanna staidéir / oibre mar gheall ar an mballraíocht. Tá rochtain againn ar mhargaí caipitil an Aontais Eorpaigh freisin.<br><br>**Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE):** Feidhmíonn Éire mar lárionad easpórtála ar thairseach na hEorpa, agus dreasacht is ea an méid sin do ghnólachtaí Meiriceánacha IDE a sholáthar d'Éirinn chun go mbeidh rochtain acu ar an margadh sin.<br><br>**Reachtaíocht agus polasaithe an Aontais Eorpaigh:** Tá Éire cumhdaithe ag polasaithe agus socruithe atá déanta ag an Aontas Eorpach leis na ballstáit agus le tríú tíortha amhail an CBT agus an Comhbheartas Iascaigh. Tá oibrithe agus tomhaltóirí cumhdaithe ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. | <br><br>**7**<br><br>**6**<br><br>**12**<br>**(3 x 4)**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le margaí nua easpórtála a fhás.<br><br>**Rochtain ar mhargaí níos mó/ Díolachán agus brabús méadaithe** Toisc gur margadh an-bheag í Éire, nuair a théitear isteach i margaí iasachta faigheann Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (GBManna) na hÉireann rochtain ar thuilleadh custaiméirí agus bíonn deis níos mó acu leathnú a dhéanamh. Más féidir le GBManna níos mó earraí a dhíol thar lear cuirfidh sé sin borradh faoina gcuid ioncaim agus a gcuid brabúis dá bharr sin.<br><br>**Barainneachtaí scála** Má éiríonn leo díolachán a mhéadú thar lear, beidh siad in ann an táirgeacht a mhéadú agus buntáiste a bhaint as táirgeadh ar mhórscála agus as barainneachtaí scála.<br><br>**Éagsúlú riosca / An Breatimeacht**: seachas a bheith ag brath barraíocht ar an margadh baile/ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, tá an deis ag GBMnna na hÉireann réimse de chustaiméirí a bheith acu i margaí difriúla agus ní bheidh a gcúrsaí gnó chomh dona i gcás ina dtitfeadh an t-éileamh sa mhargadh baile/i margadh na Ríochta Aontaithe.<br><br>**Rochtain níos éasca ar mhaoiniú**: bíonn sé níos éasca ag gnólachtaí níos mó maoinithe a fháil le haghaidh leathnú amach anseo, agus bíonn sé níos éasca acu creidmheas a rochtain. | **10**<br>**(2x5)** |
| | **(ii)** Déan plé ar dhá dheacracht a d’fheadfadh a bheith ag cuideachtaí easpórtála na hÉireann agus iad ag iarraidh dul isteach i margadh na Síne.<br><br>**Costais iompair**: méadaíonn siad sin praghsanna na n-easpórtálacha. Toisc gur oileán í Éire d'fhéadfadh costais nach beag a bheith i gceist agus fágann sé sin go mbíonn ár gcuid earraí níos daoire.<br><br>**Costais saothair**: is minic costais saothair a bheith ard in Éirinn, rud a mhéadóidh costais táirgeachta agus a fhágfaidh go mbeidh sé deacair acu dul san iomaíocht le hearraí arna dtáirgeadh i dtíortha eile.<br><br>**Rioscaí ag baint leis an ráta malartaithe** (i dtrádáil le tíortha nach bhfuil i limistéir an Euro): má ardaíonn luach an Euro i gcoibhneas leis na comhpháirtithe trádála, ansin bíonn easpórtálacha na hÉireann níos daoire agus cruthaíonn sé sin dúshlán nuair a bhíonn gnólachtaí Éireannacha ag iarraidh dul san iomaíocht thar lear.<br><br>**Scileanna teanga**: ba dhúshlán i gcónaí do ghnólachtaí Éireannacha an easpa scileanna teanga ach is mó fós an dúshlán sin i margaí atá ag teacht chun cinn san Áise.<br><br>**Maorlathas i dtíortha eile/bacainní rialála**: cuireann na bacainní sin, go háirithe lasmuigh den Aontas Eorpach, srian ar fhéidearthachtaí leathnaithe do GBManna na hÉireann. Tá sé dúshlánach do GBManna na hÉireann dul isteach i margaí nua e.g. an tSín. | **10**<br>**(2x5)** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Leibhéal na gcostas**: níl sé de bhuntáiste ag GBManna na hÉireann go bhfuil barainneachtaí scála acu le hais mar atá ag Cuideachtaí Ilnáisiúnta móra agus bíonn sé níos deacra acu gnó a mhealladh ar bhonn praghais dá bharr.<br><br>**Iomaíochas**: má tá an ráta boilscithe in Éirinn níos airde ná mar atá ag ár n-iomaitheoirí, fágann sé sin nach mbíonn earraí Éireannacha chomh tarraingteach céanna thar lear. Is minic go mbíonn costais eile e.g. costais árachais, fóntais amhail leictreachas, gás, leathanbhanda etc. níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile na hEorpa – méadaíonn sé sin costais táirgeachta agus beidh tionchar aige sin ar iomaíochas gnólachtaí Éireannacha thar lear.<br><br>**Rochtain ar chreidmheas**: mura féidir le gnólachtaí Éireannacha creidmheas a rochtain ó bhainc chun leathnú a mhaoiniú beidh sé deacair orthu acu dul isteach i margaí idirnáisiúnta.<br><br>**Cumas an ghnólachta:** D'fhéadfadh sé nach mbeadh an cumas ag GBManna na hÉireann freastal ar an éileamh ar a dtáirgí má éiríonn leo dul i mbun conarthaí. | **20** |

## C7: An Rialtas agus an Geilleagar

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Cén fáth a gceapann roinnt daoine gur cáin chúlchéimnitheach í an cháin charbóin?<br><br>Ceapann daoine go bhfuil an cháin charbóin cúlchéimnitheach ós rud é gur cháin indíreach í atá le gearradh ar gach custaiméir go cothrom do gach aonad carbóin a tháirgtear. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil an ráta cánach cothrom do gach custaiméir, íocfaidh daoine ar ioncam níos ísle sciar níos mó dá n-ioncam ar an gcáin i gcomparáid leo siúd ar ioncam níos airde, ar an mbonn sin cáin chúlchéimnitheach is ea í.<br><br>Tógfaidh an cháin céatadán níos airde d'ioncam ó cháiníocóirí ar ioncam íseal ná mar a thógfaidh ó cháiníocóirí ar ioncam ard / Titeann an cion cánachais de réir mar a mhéadaíonn ioncam. | **7** |
| | **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta dearfacha **agus** ar na hiarmhairtí eacnamaíochta diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart thuasluaite ar gheilleagar na hÉireann.<br><br>**Dearfach:**<br><br>**Níos lú táirgí díluaíochta á dtomhailt**: ós rud é gur táirgí díluaíochta a mbíonn tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol iad na breoslaí ar a ngearrtar an cháin. Dhíreodh na cánacha ar pholasaí ina n-íocann an truaillitheoir.<br><br>**Níos giorra do pholasaithe AE a bhaint amach**: tá ag teip ar an rialtas spriocanna cosanta comhshaoil an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Thabharfaí Éire níos giorra i dtreo na spriocanna seo a chomhlíonadh dá méadófaí an cháin seo. Sheachnófaí íocaíochtaí pionóis a bheadh ann mura mbainfear na spriocanna a amach.<br><br>**Breis-ioncam cánach**: ghinfí ioncam breise don rialtas chomh maith. (Gach pointe a bhaineann leis na rudaí a bhféadfaí an t-ioncam breise seo a chaitheamh orthu, i.e. seirbhísí stáit a fheabhsú, san áireamh)<br><br>**Dearcthaí na dtomhaltóirí a athrú**: spreagfaí gnólachtaí agus teaghlaigh le bogadh i dtreo foinsí inbhuanaithe fuinnimh agus chaomhnófaí acmhainní neamh-inathnuaite. Spreagfadh na cánacha seo teaghlaigh agus gnólachtaí chun aistriú chuig acmhainní níos inbhuanaithe agus d'athrófaí nósanna na dtomhaltóirí.<br><br>**Ní féidir í a imghabháil**: ós rud é go bhfuil cáin indíreach e.g. CBL san áireamh i bpraghas díola an earra nó na seirbhíse, ní féidir í a imghabháil.<br><br>**Ní haon dídhreasú chun oibre é**: féadfaidh cáiníocóir a phátrúin caiteachais a athrú chun a fhiachas cánach a ísliú, agus mar sin níl dídhreasú chun oibre i gceist mar atá le cánacha díreacha. | **18 (3x6)** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Diúltach:**<br><br>**Costais teaghlaigh níos airde**: caitheann na teaghlaigh is boichte céatadán níos airde dá n-ioncam ar bhreoslaí le haghaidh téimh agus iompair agus chaitheann daoine ar ioncam níos airde comhréir níos mó ó thaobh comhréire de lena n-ioncam iomlán ar sheirbhísí a mbíonn astaíochtaí carbóin níos ísle acu ar an meán in aghaidh an aonaid aschuir de gnáth. Méadaíonn astaíochtaí níos moille de réir mar a mhéadaíonn ioncam.<br><br>**Costais ghnó níos airde**: chuirfeadh an cháin charbóin le costais ghnó agus, mar sin, bheadh sé ag teacht salach ar thosaíochtaí an rialtais i dtaobh poist a chruthú, éagothroime ioncaim a laghdú agus infheistiú a mhealladh.<br><br>**Iomaíochas idirnáisiúnta ag dul in ísle**: bheadh tionchar tromchúiseach ag an gcáin charbóin ar iomaíochas easpórtála de bharr go n-éireodh praghsanna easpórtála níos airde agus seans go laghdódh éileamh easpórtálacha mar thoradh ar na méaduithe costais.<br><br>**Brú ar an gcóras iompair phoiblí**: d’fhéadfaí cuimhneamh go bhfuil cánacha carbóin ag dul in aghaidh shaol na tuaithe de bharr an easpa iompair phoiblí sna ceantair thuaithe. D’fhéadfadh sé go mbeadh iompar poiblí ag an acmhainn nó thar a acmhainn.<br><br>**Ardóidh boilsciú**: ardaíonn cánacha indíreacha praghsanna earraí agus seirbhísí, ardaíonn an costas maireachtála dá réir sin agus d’fhéadfadh sé go mbeadh éileamh ann ar arduithe pá. | **25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | **(i)** Sainaithin sampla **amháin** de chaiteachas reatha rialtais agus sampla **amháin** de chaiteachas caipitil rialtais sna bearta thuas. Mínigh an rogha a rinne tú i **ngach** cás.<br><br>**Caiteachas rialtais reatha**: caiteachas don Gharda Síochána. Seo an caiteachas reatha mar atá sé d'fheidhmiú na tíre ó lá go lá.<br><br>**Caiteachas caipitil ón rialtas**: caiteachas chun an débhealach a thógáil. Caiteachas ar thionscadail fhadtéarmacha atá i gceist anseo chun chumas táirgthe na tíre a mhéadú. Bainfidh saoránaigh leas as na buntáistí thar thréimhse fhada ama. | **8**<br>**(2x4)** |
| | **(ii)** Déan plé ar na sochair shóisialta **agus** ar na sochair eacnamaíochta a ghabhann le breis caiteachais ar an nGarda Síochána.<br><br>**Inteilgean i sreabhadh ciorclach an ioncaim**: cuirfear ioncam breise an Gharda Síochána ar ais sa gheilleagar agus beidh éifeacht iolraitheora aige sin ar an ioncam náisiúnta.<br><br>**Tuilleadh fostaíochta / tuilleadh caiteachais**: leis an maoiniú breise a chuirfear ar fáil don Gharda Síochána féadfaidh níos mó daoine fostaíocht a aimsiú, pá a thuilleamh agus airgead a chaitheamh ar earraí agus seirbhísí sa gheilleagar.<br><br>**Níos mó gnólachtaí dlisteanacha / laghdú sa scáthgheilleagar**: le tuilleadh caiteachais sa gheilleagar áitiúil agus láithreacht póilíní níos airde spreagfar gnó dlisteanach agus cuirfear i gcoinne fás an scáthgheilleagair.<br><br>**Níos lú coiriúlachta**: le níos mó Gardaí fud fad na tíre beidh pobail níos sábháilte agus beidh suaimhneas intinne ag teaghlaigh agus gnólachtaí.<br>***Buntáiste sóisialta / eacnamaíoch amháin ar a laghad ag teastáil.*** | **12**<br>**(3 x 4)** |
| | **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar argóint **amháin** i bhfabhar dolaí a ghearradh ar chodanna nua de mhótarbhealaí **agus** breac-chuntas ar argóint **amháin** ina éadan.<br><br>**I bhfabhar**<br><br>**Caighdeán níos airde**: d'fhéadfadh táillí a úsáid chun caighdeán an bhóthair a fheabhsú agus an líon timpistí tráchta a laghdú.<br><br>**Tógáil / cothabháil a mhaoiniú**: d'fhéadfadh an t-ioncam dul i dtreo an bóthar a fhorbairt / a chothabháil.<br><br>**Iompar níos éifeachtaí**: sábhálfaidh úsáideoirí bóthair am agus d'fhéadfaí astaíochtaí a laghdú.<br><br>**In éadan**<br><br>**Cánacha bóthair eile**: d'fhéadfadh úsáideoirí bóthair a mheas go bhfuil an iomarca cánacha á ngearradh orthu toisc go bhfuil mótarcháin agus cáin ar pheitreal/díosal le híoc acu freisin. Ardóidh an costas maireachtála.<br><br>**Cúlchéimnitheach**: ós rud é go bhfuil an táille chéanna i gceist do gach úsáideoir bóthair beag beann ar a ioncam, bainfear sciar níos mó ó dhaoine le hioncam íseal ná mar a bhainfear ó dhaoine le hioncam ard.<br><br>**Costais níos airde do ghnólachtaí**: a bhféadfadh sé go gcuirfí iad ar aghaidh go dtí an custaiméir agus/nó d'fhéadfadh sé go rachadh custaiméirí sa tóir ar bhealaí eile. | **5+5**<br>**(3+2)**<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** An smaoineamh maith é an cháin seo a ghearradh ar thithe folmha, dar leat? Mínigh do fhreagra.<br><br>**Is ea**<br><br>**Daoine a spreagadh leis an teach folamh a dhíol**: d'fhéadfadh sé seo daoine a spreagadh leis an teach folamh a dhíol agus ansin beidh rochtain ag daoine a bhfuil tithíocht de dhíth orthu ar theach.<br><br>**Mí-leithdháileadh acmhainní/costas deise/teip sa mhargadh**: is léir go bhfuil ag teip ar mhargadh ina bhfuil géarchéim i dtaca le heaspa dídine agus tithe folmha mar gheall ar mhí-leithdháileadh acmhainní. Níl tithe ag daoine a bhfuil tithe de dhíth orthu, agus níl daoine a bhfuil tithe acu ag baint úsáid astu.<br><br>**D'fhéadfaí an ghéarchéim tithíochta a fheabhsú:** tá an ghéarchéim tithíochta ar na fadhbanna eacnamaíocha is dianseasmhaí in Éirinn le blianta beaga anuas agus tá brú ar an rialtas cóiríocht éigeandála a chur ar fáil. D'fhéadfaí an costas sin a laghdú.<br><br>**Ní hea**<br><br>**Cáin bhreise míchothrom le cois Cánach Maoine Áitiúil**: d'fhéadfadh sé go measfadh daoine go bhfuil an cháin seo míchothrom mar go bhfuil sí á gearradh ar dhaoine a bhfuil cáin á híoc acu dá dtithe cheana.<br><br>**Stát róchaomhnach / Cur isteach ar chóras an mhargaidh**: d'fhéadfadh sé go measfadh daoine go bhfuil an rialtas róchaomhnach nó go bhfuil sé ag cur isteach go míchuí ar roghanna pearsanta. | **8** |
| | **(ii)** Mol **trí** bheart mhalartacha a d'fheadfadh an rialtas a dhéanamh le cuidiú chun an easpa dídine in Éirinn a laghdú.<br><br>**Tithíocht shóisialta**: dá mhéad tithíocht shóisialta a gcuireann an rialtas ar fáil is amhlaidh is mó a bheidh an soláthar iomlán tithíochta, agus cabhróidh sé sin leis an ngéarchéim a laghdú.<br><br>**Tithíocht mhodúlach**: leis na tithe / árasáin ísealchostais sin a dtógtar iad go tapa, d'fhéadfaí cur go tapa leis an líon tithe atá ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar chuid den éileamh margaidh don tithíocht.<br><br>**Tóg in airde, ní amach**: má dhéantar athaicmiú ar chathracha in Éirinn chun go mbeifear in ann foirgnimh ardstóracha a thógáil, beidh daonra i bhfad níos dlúithe in ann maireachtáil i gceantair áirithe agus rachaidh costais tithíochta sna ceantair sin in ísle.<br><br>**Athaicmiú ar thalamh**: má dhéantar athaicmiú ar thalamh talmhaíochta agus tráchtála go dtí aicmiú teaghlaigh, beidh níos mó deiseanna ar fáil do dhaoine tithe a thógáil<br><br>**Cáin / táillí a laghdú ar thithe a thógáil / ar ioncam cíosa**: d'fhéadfadh sé sin tuilleadh infheisteoirí a mhealladh chun tithe a thógáil agus/nó réadmhaoin a chur ar cíos. Féadfaidh táillí ó na hÚdaráis Áitiúla a bheith ina ndídhreasacht don infheistíocht.<br><br>**Tobhach níos airde a ghearradh ar chúileálaithe talaimh**: I mí Eanáir 2020 ardaíodh an ráta tobhaigh i mBaile Átha Cliath ó 3% go dtí 7%. D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó talaimh ar fáil le ceannach dá bharr.<br><br>**Níos mó cóiríochta éigeandála ar fáil** (mar a tharla le linn 2018 mar gheall ar an teocht ag dul in airde): ní chabhróidh sé sin ach sa ghearrthréimhse, áfach.<br><br>**Reo Cíosanna i Limistéir ina mbíonn Brú Cíosa:** tá na limistéir sin lonnaithe sna ceantair sa tír na bhfuil an cíos is airde agus é fós ag ardú, agus ina mbíonn na deacrachtaí is mó ag teaghlaigh lóistín inacmhainne a aimsiú. | **12 (3x4)**<br><br>**20** |

## C8: Ioncam Náisiúnta agus an fiachas náisiúnta

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Mínigh na téarmaí eacnamaíochta seo a leanas agus tabhair sampla cuí i **ngach** cás:<br><br>**Íocaíochtaí Aistritheacha**: íocaíochtaí nach dtugtar toisc táirgeachta dóibh / íocaíochtaí nach ndéantar aon obair dóibh. e.g. sochar dífhostaíochta<br><br>**Sochair Chomhchineáil**: íocaíocht nach ndéantar i bhfoirm airgid / íocaíocht a dhéantar i bhfoirm earraí nó seirbhísí. e.g. carr cuideachta<br><br>**Glan-Ioncam Tosca ón gCuid eile den Domhan**: Gach ioncam arna dhéanamh ag tosca táirgeachta in Éirinn thar lear a aistrítear ar ais go hÉirinn lúide gach ioncam arna dhéanamh ag tosca táirgeachta eachtracha in Éirinn a aistrítear ar ais go dtí an tír thionscnaimh.<br>e.g. ioncam a aistríonn Ryanair ar ais go hÉirinn lúide ioncam arna dhéanamh ag Facebook. | **7 + 7 + 7**<br>**(5+2)**<br><br>**21** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|

**(b)**

| | Y | C | I | G | X | M |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2018** | €200,000 | €70,000 | €50,000 | **60,000** | €80,000 | €60,000 |
| **2019** | **€250,000** | €105,000 | €55,000 | €65,000 | €90,000 | €65,000 |

**(i)** Ríomh leibhéal chaiteachas an rialtais in 2018.

- 200,000 = 70,000 + 50,000 + G + 80,000 – 60,000
- 200,000 – 70,000 – 50,000 – 80,000 + 60,000 = G
- G = 60,000

**5**

**(ii)** Ríomh leibhéal an Ioncaim Náisiúnta in 2019.

- Y = 105,000 + 55,000 + 65,000 + 90,000 – 65,000
- Y = 250,000

**5**

**(iii)** Sainmhínigh an claonadh imeallach chun iompórtála (MPM).

Tagraíonn claonadh imeallach chun iompórtála don chion de gach aonad breise a chaitear ar earraí agus seirbhísí iompórtáilte.

**5**

**(iv)** Ríomh an claonadh imeallach chun iompórtála (MPM).

**5**

$$\frac{\text{Athrú in iompórtálacha}}{\text{Athrú ar an ioncam}} = \frac{65{,}000 - 60{,}000}{250{,}000 - 200{,}000} = \frac{5{,}000}{50{,}000} = 0.1$$

**(v)** Ríomh luach an iolraitheora **agus** mínigh brí eacnamaíochta an fhigiúir a ríomhann tú.

$$\frac{\text{Athrú sa tomhaltas}}{\text{Athrú ar an ioncam}} = \frac{105{,}000 - 70{,}000}{250{,}000 - 200{,}000} = \frac{35{,}000}{50{,}000} = 0.7$$

Claonadh Imeallach chun Sábhála = 1 – 0.7 = 0.3

| | |
|---|---|
| $\frac{1}{(1\text{-CIT}) + \text{CII}}$ | $\frac{1}{\text{CIS} + \text{CII}}$ |
| $\frac{1}{(1\text{-}0.7) + 0.1}$ | $\frac{1}{0.3 + 0.1}$ |
| Iolraitheoir = 2.5 | Iolraitheoir = 2.5 |

**5**

De réir an fhigiúir sin, beidh tionchar 2.5 uair níos mó ag aon inteilgean sa gheilleagar (sruth ciorclach an ioncaim) ar an ioncam náisiúnta ná an t-inteilgean tosaigh.

**5**

**30**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)** Mínigh an téarma <u>fiachas náisiúnta.</u><br><br>Is éard is fiachas náisiúnta ann ná an tsuim iomlán (charnach) d'iasachtaíocht intíre agus eachtrach an rialtais atá gan íoc (dlite).<br><br>**(ii)** Ainmnigh an ghníomhaireacht atá freagrach as fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Luaigh agus mínigh feidhm **amháin** eile atá ag an ngníomhaireacht seo.<br><br>Ainm: **Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**<br><br>Is é a phríomhfheidhm ná iasachtaí a fháil le haghaidh an státchiste agus bainistiú fiachais d'fhonn leachtacht a chinntiú don státchiste agus an t-ualach úis a íoslaghdú go meántéarmach.<br><br>Áirítear an méid seo a leanas i measc a cuid dualgas:<br><br>• Iasachtaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann/díol bannaí Rialtais<br>• An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean a bhainistiú.<br>• Cistí eile an rialtais a bhainistiú ar nós an Chiste Árachais Shóisialaigh agus Chiste na gCuntas Díomhaoin.<br>• Iasachtaíocht thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe.<br>• Comhairle airgeadais agus maoiniú b'fhéidir a chur ar fáil agus ráthaíochtaí a sholáthar i gcomhair na dtionscadal mór uile i leith infheistíocht phoiblí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais arna hoibriú trí NTMA.<br>• Soláthraíonn sí Lársheirbhís Chistíochta le haghaidh glacadh taiscí agus iasachtú le comhlachtaí rialtais áitiúil, chomh maith le bainistíocht leachtachta do Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.<br>• Éilimh i leith díobhálacha pearsanta a cuireadh i gcoinne ranna Rialtais agus údaráis eile Stáit/Scéim Slánaíochta Chliniciúil an Stáit faoi bhainistíocht NTMA mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.<br>• Gníomhaíonn sí mar ghníomhaí na hÉireann i dtaca le ceannach creidmheasanna carbóin. | **6**<br><br><br>**6**<br>**(3 + 3)** |

| | | |
|---|---|---|
| | **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** riosca do gheilleagar na hÉireann a ghabhann leis an bhfiachas náisiúnta a bheith ar an leibhéal thuasluaite.<br><br>**Costais deise / seirbhísí poiblí a chailleadh**: agus níos mó cistí á n-úsáid chun íoc as ár gcuid aisíocaíochtaí bliantúla úis, tá níos lú cistí ar fáil ag an rialtas le caitheamh chun críoch eile. Tá an rialtas tar éis an caiteachas ar sheirbhísí poiblí a chiorrú, agus tá meath ar sholáthar roinnt seirbhísí ina thoradh air seo, e.g. an tseirbhís sláinte; an tseirbhís oideachais.<br><br>**Tuilleadh brú ar cháiníocóirí reatha agus ar cháiníocóirí amach anseo**: mar gheall ar an méadú seo, beidh ar an rialtas smaoineamh faoi chánacha méadaithe amach anseo a ghearradh ar cháiníocóirí amach anseo.<br><br>**Aisíocaíochtaí bliantúla úis**: ciallaíonn an fiachas méadaithe náisiúnta go bhfuil costas bliantúil ár bhfiachais náisiúnta ag dul i méid. Is éard is íocaíochtaí úis ann íocaíochtaí a dhéantar i leith tomhaltais san am atá thart agus déantar iad chun éadairbhe an tomhaltais reatha.<br><br>**Ceannasacht eacnamaíoch na hÉireann a chailleadh / damáiste do rátáil chreidmheasa na hÉireann**: sa chás nach féidir le tír í féin a mhaoiniú, is féidir léi iarratas a dhéanamh ar chomhlachtaí seachtracha, amhail an CAI, i gcomhair maoiniú. Chun an maoiniú sin a fháil, áfach, ní mór do thír glacadh le coinníollacha mar atá sonraithe ag na comhlachtaí seachtracha sin. D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh dár rátáil idirnáisiúnta chreidmheasa mar thoradh ar an deacracht a bhainfidh lenár bhfiachas a aisíoc.<br><br>**Sreabhadh ciorclach an ioncaim:** agus níos mó airgid ag fágáil na tíre ní fhanann an oiread airgid sa tír mar sin, laghdaítear sreabhadh ciorclach an ioncaim náisiúnta. D'fhéadfadh sé sin leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche laistigh den tír a ísliú. | **3 x 4**<br>**(2+2)**<br><br>**24** |

# Leathanach Bán